



NCCA

An Chomhairle Náisiúnta
Curaclaim agus Measúnachta
National Council for
Curriculum and Assessment

Curaclam Athfhorbartha na Bunscoile in Éirinn

An Próiseas Athfhorbartha a
Leagan Amach

An Dr Thomas Walsh

Aibreán 2025

Clár an Ábhair

Réamhrá

01

Comhthéacs agus cúlra

01

Struchtúr na tuarascála

02

Snáithe 1: Taighde agus Forbairtí Beartais

04

Taighde agus forbairt beartais *Churaclam Teanga na Bunscoile*

04

Taighde agus forbairtí beartais *Churaclam Matamaitice na Bunscoile*

06

Taighde atá mar bhonn eolais faoin bpróiseas athfhorbartha curaclaim níos leithne

07

Taighde níos leithne a thacaigh le forbairt curaclaim

11

Snáithe 2: Comhairliúchán

12

Comhairliúcháin *Churaclam Teanga na Bunscoile*

12

Comhairliúcháin *Churaclam Matamaitice na Bunscoile*

12

Comhairliúcháin a chuir bonn eolais faoin bpróiseas athfhorbartha curaclaim níos leithne

13

Snáithe 3: Líonrú

15

Seimineáir curaclaim (2018–2019)

15

Seimineáir Leading Out (2019–2022)

16

Curaclam á athshamlú – seimineáir (2023)

17

Líonraí scoile/fóram scoileanna

17

Painéal comhairleach (bunscoil)

18

Beacons

19

Snáithe 4: Plé

20

Foireann feidhmiúcháin CNCM

21

Meithleacha forbartha

23

Bord CNCM don luath-óige agus don bhunscoil

24

Comhairle CNCM

25

Conclúid

26

Machnamh an phainéil chomhairligh

27

An tOllamh Emerita Louise Hayward

27

An tOllamh Jim Spillane

28

An Dr Thomas Walsh

29

An tOllamh Dominic Wyse

30

Tagairtí

31



Réamhrá

Is é is cuspóir don tuarascáil seo léargas a thabhairt ar an bpróiseas a d'úsáid an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) chun curaclam na bunscoile a athfhorbairt suas go dtí críochnú na sonraíochtaí do na cúig réimse curaclaim i mí an Mhárta 2025, agus chun an próiseas sin a dhoiciméadú. Go bunúsach, léirítear buaic phróiseas athfhorbartha an churaclaim, lena múnlófar an chomhairle maidir le curaclam agus measúnú don Aire Oideachais faoi churaclam na bunscoile. Is den tábhacht é an t-aistear ar athfhorbairt an churaclaim a dhoiciméadú chun a chinntiú go mbíonn an próiseas trédhearcach agus gafa dóibh siúd in Éirinn agus go hidirnáisiúnta ar mian leo tuiscint a fháil ar na céimeanna aonair agus i gcomhar a chéile a glacadh sa chomhthéacs comhaimseartha agus do na staraithe oideachais amach anseo. Ceapadh an cháipéis freisin chun tacú le CNCM mar eagraíocht foghlama chun machnamh ar a phróisis féin le himeacht ama. Cé go bhfuil roinnt mhaith den phróiseas trédhearcach trí mheán iliomad foilseachán CNCM, is é is aidhm don cháipéis seo na forbairtí sin a tharraingt le chéile.

Comhthéacs agus cúla

Go stairiúil, bíonn forbairt curaclaim ag leibhéal na bunscoile in Éirinn níos cosúla le réabhlóid ná le héabhlóid. Is é an gnáthphatrún ná go ndéantar leasú suntasach ar fhealsúnacht agus ar inneachar na gcuraclam i ndiaidh tréimhsí fada ama. Is é an toradh air sin ná trí leasú shuntasacha curaclaim go dtí seo ó theacht an neamhspleáchais pholaitiúil in 1922. Is féidir achoimre a dhéanamh orthu, mar a leanas:

- **Na 1920idí:** Tugadh leasuithe suntasacha curaclaim isteach sna 1920idí tar éis d'Éirinn neamhspleáchas polaitiúil a bhaint amach (Comhdháil an Chláir Náisiúnta, 1922; 1926). Leag na leasuithe sim béim shuntasach ar athbheochan na Gaeilge tríd an gcóras scoile agus laghdaigh siad an bhéim ar na hoideolaíochtaí forchéimnithe agus páistelárnacha a bhí mar bhonn faoin gcuraclam roimhe sin.
- **1971:** Achtaíodh curaclaim ó na 1920idí ar feadh nach mór 50 bliain i mbunscoileanna na hÉireann, le roinnt leasuithe beaga in 1934, 1948 agus 1951. Bhí Cigireacht na Roinne Oideachais² i gceannas ar athbhreithniú ar an gcuraclam ó na 1960idí déanacha, agus mar thoradh ar an athbhreithniú sin tugadh Curaclam na Bunscoile isteach sa bhliain 1971 (an Roinn Oideachais, 1971). Curaclam níos iomlánaíche, leithne agus páistelárnaí do dhaltaí bunscoile an toradh a bhí air sin.
- **1999:** I ndiaidh nach mór deich mbliana de ghníomhartha forbartha curaclaim, tugadh Curaclam Bunscoile leasaithe isteach sa bhliain 1999 (Rialtas na hÉireann, 1999). Thóg sé seo cuid mhór ar phrionsabail agus inneachar an churaclaim roimhe, ag cur teorach i bhfad Éireann níos cuimsithí ar fáil do mhúinteoirí ó thaobh aidhmeanna agus cuspóirí an churaclaim de. I ndiaidh 1999, cuireadh treoir bhreise churaclaim ar fáil i bhfoirm clár, treoirlínte, straitéisí agus tacar uirlisí chun an treoir reatha churaclaim a leathnú agus chun cur léi.

Go ginearálta, léirigh na leasuithe curaclaim seo, a tháinig blianta as a chéile, athruithe suntasacha fealsúnachta, coinceapúla, struchtúrtha agus inneachair ar an gcóras oideachais, go háirithe do mhúinteoirí ar chuir forálacha curaclaim bonn eolais faoina gcleachtas laethúil. Mar sin féin, faoi mar a bhíonn i gceist i ngach athrú ar bheartas, níor ghá gurbh ionann athrú ar bheartas curaclaim agus athrú comhchéimneach ar an gcleachtas (Alexander, 2022; Walsh, 2012).

¹ Féach Walsh (2022:11–41) le haghaidh forléargas níos cuimsithí.

² Tá ainmníocht na Roinne Oideachais in Éirinn athraithe le déanaí. An Roinn Oideachais a bhí ar an roinn ó 1924 go 1997. An Roinn Oideachais agus Eolaíochta (ROE) a tugadh ar an roinn ón 1 Deireadh Fómhair 1997. Rinneadh í a athainmniú go dtí an Roinn Oideachais agus Scileanna (ROS) ar an 2 Bealtaine 2010 agus ar an 22 Deireadh Fómhair 2020 tugadh an Roinn Oideachais arís uirthi. Sa tuarascáil seo úsáidfear an t-ainm/acrainm ábhartha don tréimhse ábhartha.



Faoi na 2010idí luatha, spreag luas an athraithe shochaíoch agus oideachais sa domhan domhandaithe comhaimseartha machnamh ar na tosaíochtaí agus forálacha i gcuraclam 1999. Dul chun cinn i dtaighde agus i dtuiscintí ar fhoghlaím agus ar fhorbairt leanaí ó na 1990idí ar aghaidh, chomh maith leis an mian a chinntiú gur thug an curaclam léiriú ar athruithe sochaíocha áitiúla agus domhanda agus gur fhreagair sé dóibh a rinne bonn eolais a chur faoin bpróiseas athfhorbartha curaclaim.

Bhí forbairtí oideachasúla níos leithne ar fud raon earnálacha in Éirinn mar bhonn eolais agus inspioráid don athbhreithniú ar churaclam na bunscoile freisin. Áirítear leo sin na forbairtí suntasacha sa tírdhreach oideachas luath-óige le fiche bliain anuas, foilsíú *Aistear Creatchuraclam na Luath-Óige* (CNCM, 2009) go háirithe,³ a raibh idirphlé le curaclam na bunscoile i ranganna naíonán na mbunscoileanna i gceist leis.

Chuir nuashonrú *Aistear*, a cuireadh i gcrích sa bhliain 2024, deis ar fáil chun prionsabail chreachuraclam na luath-óige agus an churaclaim bunscoile athfhorbartha a ailíniú, agus chun díriú ar leanúnachas na n-eispéireas agus torthaí foghlama ó shuíomhanna luath-óige go dtí na ranganna naíonán.

Bhí tionchar ag athbhreithniú agus foilsíú na leasuithe ar an oideachas iar-bhunscoile, ar an tSraith Shóisearach go háirithe (an Roinn Oideachais agus Scileanna [ROS], 2015), ar mhachnaimh maidir le tosaíochtaí agus cuspóirí an oideachais bunscoile feadh chontanam an oideachais freisin. Go suntasach, spreag na forbairtí níos leithne sin plé ar struchtúr agus leagan amach churaclam na bunscoile, i bhfianaise an aistrithe i dtreo creatchuraclam agus cur chuige torthaí foghlama ag leibhéil eile an chórais oideachais. Tríd is tríd, tá athruithe suntasacha curaclaim ag teacht go comhuaineach ar an gcóras oideachais in Éirinn, ag na leibhéil agus sna earnálacha ar fad, agus teastaíonn aird chórasach ar cheisteanna comhleanúnachais agus déanamh céille tacaíthe.

Leagtar béim sa pháipéar seo ar an bpróiseas ar tugadh faoi chun tacú leis an gcuraclam athfhorbartha in Éirinn idir 2012 agus mí an Mhárta 2025, faoin am ar foilsíodh *Creatchuraclam na Bunscoile* (an Roinn Oideachais, 2023) agus ar cuireadh na sonraíochtaí deiridh do gach ceann de na réimsí curaclaim i gcrích.

Samhlaítear go dtabharfar an curaclam athfhorbartha isteach i mbunscoileanna agus scoileanna speisialta ó mhí Mheán Fómhair 2025.

Struchtúr na tuarascála


Ó thaobh an struchtúir de, déanann an tuarascáil seo an próiseas athfhorbartha a leagan amach thar cheithre shnáithe éagsúla idirnasctha a d'aithin CNCM mar na “ceithre réimse gníomhaíochta idirnasctha” (CNCM, 2022a: 14) a chuireann bonn eolais faoi forbairt na comhairle curaclaim agus measúnaithe don Aire Oideachais:

- **Taighde agus forbairtí beartais** – clúdaíonn sé seo na príomhpháipéir taighde agus beartais a d'fhorbair nó a choimisiúnaigh CNCM chun bonn eolais a chur faoin gcuraclam athfhorbartha.
- **Comhairliúcháin** – clúdaíonn sé seo na próisis fhoirmiúla comhairliúcháin a d'éascaigh CNCM chun barúlacha páistí, tuismitheoirí, múinteoirí, ceannairí scoile, bord bainistíochta, pátrún agus páirtithe leasmhara níos leithne a bhailiú maidir leis an gcuraclam athfhorbartha.
- **Líonrú** – clúdaíonn sé seo an réimse leathan deiseanna líonraithe a d'fhorbair CNCM agus a úsáideadh chun barúlacha na hearnála oideachais ó thaobh na hathfhorbartha curaclaim de a bhailiú.
- **Plé** – clúdaíonn sé seo na próisis inmheánacha laistigh de CNCM ó thaobh obair le hiomláine na fianaise a fuarthas ó thaighde, chomhairliúcháin agus líonrú chun cinntí a dhéanamh maidir le curaclam athfhorbartha na bunscoile a chur ar fáil.

³ Nuashonraíodh creat *Aistear* in 2024. Féach <https://www.curriculumonline.ie/ga-ie/early-childhood/aistear-2024/>.



Is de réir dátaí den chuid is mó a dhéanfar an próiseas a leagan amach laistigh de gach ceann de na snáitheanna seo. Cé go bhfuil na snáitheanna seo úsáideach ó thaobh na bpríomhcholún athfhorbartha a dhoiciméadú, is minic a bhíonn forlúí i gceist ó thaobh na bpróiseas seo (m.sh. is minic a rinne tuarascálacha taighde eolas do phróisis comhairliúcháin nó imeachtaí líonraithe). Ós rud é go raibh na próisis agus amlínte d'fhorbairt *Churaclam Teanga na Bunscoile* agus *Churaclam Matamaitice na Bunscoile* éagsúil le gnéithe eile den churaclam athfhorbartha, pléitear astu féin iad laistigh de gach cuid ábhartha.



Fíor 1: An Próiseas Forbartha



Snáithe 1:

Taighde agus forbairtí beartais

Cruthaíonn, úsáideann agus roinneann CNCM foirmeacha éagsúla taighde, lena n-áirítear athbhreithnithe taighde, staidéir fhadaimseartha agus iniúchtaí litríochta, chun bonn eolais a chur faoina gcuid oibre maidir le comhairle curaclaim agus measúnaithe don Aire Oideachais agus chun an obair sin a chur chun cinn. Téann taighde luath atá mar bhonn eolais faoi athfhorbairt churaclaim na bunscoile siar chomh fada leis na hathbhreithnithe tosaigh ar chur i bhfeidhm an 'Churaclaim Athbhreithnithe' a tugadh isteach in 1999.

Rinne nó choimisiúnaigh CNCM (CNCM, 2005a; 2008; Varley, Murphy agus Veale, 2008a; 2008b) agus Cigireacht na Roinne Oideachais agus Scileanna (ROS, 2005) araon an taighde sin. Rinne an straitéis cheannródaíoch litearthachta agus uimhearthachta a d'fhoilsigh ROS in 2011, *Litearthacht agus Uimhearthacht don Fhoghlaim agus don Saol* (ROS, 2011) an treo a bhí beartaithe do thodhchaí an churaclaim athfhorbartha a mhúnlú freisin. Chuir an Straitéis seo de chúram ar CNCM curaclam teanga (Gaeilge agus Béarla) na bunscoile agus curaclam matamaitice na bunscoile a leasú ar bhonn práinne agus chuir sí tús freisin le tabhairt isteach chur chuige forbartha curaclaim bunaithe ar thorthaí foghlama.

Taighde agus forbairt beartais *Churaclam Teanga na Bunscoile*

Chuir CNCM an obair ar churaclam na bunscoile chun cinn trí shraith tuarascálacha taighde a choimisiúnú maidir le teanga agus litearthacht i gcuraclam na bunscoile. Áirítear leo sin:

- *Múineadh Éifeachtach Teangacha: Sintéis ar Thaighde* (Harris agus Ó Duibhir, 2011).
- *Oral Language in Early Childhood and Primary Education (3–8 Years)* (Shiel et al., 2012).
- *Literacy in Early Childhood and Primary Education (3–8 Years)* (Kennedy et al., 2012).
- *Towards an Integrated Language Curriculum in Early Childhood and Primary Education (3–12 Years)* (Ó Duibhir agus Cummins, 2012).



Ina theannta sin, d'fhoilsigh CNCM Achoimre Fheidhmeach chomhthiomsaithe de na trí thuarascáil taighde ó 2012 (CNCM, 2012a).

In 2014 d'ullmhaigh CNCM *Dréachtchuraclam Teanga na Bunscoile*, a chlúdaigh an Béarla agus an Ghaeilge araon, do scoileanna a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla chun bonn eolais a chur faoi phróiseas comhairliúcháin (CNCM, 2014a). Mar thoradh air sin foilsíodh *Primary Language Curriculum/Curaclam Teanga na Bunscoile for Stages 1 and 2 (junior infants to second class)* (CNCM, 2015a) go déanach in 2015. Tugadh seo isteach i scoileanna in 2016. I mí na Samhna 2016, forbraíodh Meitheal Forbartha chun Curaclam Teanga na Bunscoile a fhorbairt do Chéim 3 agus Céim 4. Chun tacú le forbairt bhreise ar Churaclam Teanga na Bunscoile, choimisiúnaigh CNCM sraith tuarascálacha taighde chun bonn eolais a chur faoi fhorbairtí thar raon réimsí.




Cuimsítear leo sin:


- *Promoting Oral Language Development in the Primary School* (Cregan, 2019).
- *Writing Pedagogy in the Senior Classes* (Kennedy agus Shiel, 2019)
- *Disciplinary Literacy in the Primary School* (Shanahan, 2019a)
- *Improving Reading Comprehension in the Primary Classes* (Shanahan, 2019b)




Promoting Oral Language Development in the Primary School (Cregan, 2019)



Writing Pedagogy in the Senior Classes (Kennedy agus Shiel, 2019)




Disciplinary Literacy in the Primary School (Shanahan, 2019a)



Improving Reading Comprehension in the Primary Classes (Shanahan, 2019b)

I ndiaidh fhoilsiú thorthaí an phróisis comhairliúcháin do Chéim 3 agus do Chéim 4 de *Churaclam Teanga na Bunscoile* i mí Mheán Fómhair 2018 (CNM, 2018a), foilsíodh *Primary Language Curriculum/Curaclam Teanga na Bunscoile* (ROS, 2019a) do scoileanna a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla agus foilsíodh *Curaclam Teanga na Bunscoile/Primary Language Curriculum* (ROS, 2019b) do scoileanna a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge, lena n-áirítear leasuithe ar an gcuraclam do Chéim 1 agus do Chéim 2. Tá *Curaclam Teanga na Bunscoile* i bhfeidhm i scoileanna ón mbliain 2019.



Chun bonn eolais a chur faoi stair theagasc na Gaeilge i mbunscoileanna, choimisiúnaigh CNM dhá thuarascáil taighde ar fhoghlaim agus teagasc na Gaeilge i mbunscoileanna a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla. Bhain an chéad tuarascáil leis an tréimhse ama 1878 go 1971 (Dunne, 2020a) agus ba é 1971 go 2020 an tréimhse ama a bhí idir chaibidil sa dara ceann (Dunne, 2020b). Foilsíodh Achoimre Fheidhmeach den dá thuarascáil in éineacht leo seo (Dunne, 2020c).




Taighde agus forbairtí beartais *Churaclam Matamaitice na Bunscoile*

I ndiaidh fhoilsiú na straitéise um litearthacht agus uimhearthacht (ROS, 2011), rinneadh dul chun cinn ar athfhorbairt churaclam na matamaitice trí iniúchadh idirnáisiúnta ar churaclam matamaitice a fhoilsiú in 2014 (Burke, 2014). Chuir dhá thuarascáil taighde choimisiúnaithe a dhírigh ar pháistí idir 3 agus 8 mbliana d'aois (Dooley et al., 2014; Dunphy et al., 2014) leis an obair sin. Foilsíodh achoimre fheidhmeach ar an dá thuarascáil in 2014 freisin (CNCM, 2014b). Reáchtáladh comhdháil maidir le smaointe matamaiticiúla a fhorbairt le páistí (3-8 mbliana) go déanach in 2014 chun smaointe maidir le teagasc na matamaitice a fhiosrú agus d'fhoilsigh CNCM imeachtaí na comhdhála ansin (CNCM, 2014c). Ina dhiaidh sin, in 2016, foilsíodh cáipéis eolais agus treoir CNCM le haghaidh fhorbairt Churaclam nua Matamaitice na Bunscoile (CNCM, 2016a).


D'fhoilsigh CNCM dréachtsonraíocht do mhatamaitic na bunscoile do pháistí ó rang na naíonán sóisearach go dtí rang a dó in 2018 (CNCM, 2018b). Bunaithe ar phróiseas comhairliúcháin (CNCM, 2018c) agus ar an taithí ó phróiseas forbartha Churaclam Teanga na Bunscoile, rinneadh cinneadh Churaclam Matamaitice na Bunscoile a ullmhú agus a fhoilsiú do na ranganna ar fad ag an am céanna, seachas in dá thráinse (is é sin, naíonáin shóisearacha go dtí rang a dó agus ina dhiaidh sin rang a trí go dtí rang a sé), faoi mar a rinneadh i gcás Churaclam Teanga na Bunscoile.

De réir mar a rinneadh dul chun cinn ar an bpleanáil curaclaim don mhatamaitic, réitíodh aguisín do na tuarascálacha taighde a réitíodh níos luaithe in 2014 a chuir leis na torthaí iontu agus a dhírigh ar pháistí sna ranganna meánacha agus sinsearach (Dooley, 2019). Ina dhiaidh sin, tháinig sraith de chúig pháipéar ghearra taighde a dhírigh ar gach ceann de na cúig phríomhréimse den fhoghlaim mhatamaiticiúil sna ranganna sinsearach, is é sin:


- *Algebra in the Senior Primary Classes* (Twohill, 2020).
- *Data and Chance in the Senior Primary Classes* (Leavy, 2020).
- *Measures in the Senior Primary Classes* (Nic Mhuirí, 2020a).
- *Number in the Senior Primary Classes* (Delaney, 2020).
- *Shape and Space in the Senior Primary Classes* (Nic Mhuirí, 2020b).




Ailgéabar i Ranganna Sinsearach na Bunscoile




Sonraí agus Seans i Ranganna Sinsearach na Bunscoile



Tomhais i Ranganna Sinsearach na Bunscoile




Uimhreas i Ranganna Sinsearach na Bunscoile



Cruth agus Spás i Ranganna Sinsearach na Bunscoile

Foilsíodh leagan deiridh de *Churaclam Matamaitice na Bunscoile le haghaidh Bunscoileanna agus Scoileanna Speisialta* in 2023 (CNCM, 2023a) agus tugadh seo isteach i ngach scoil ó mhí Mheán Fómhair 2024.



Curriculum Matamaitice na Bunscoile Do Bhunscoileanna agus Scoileanna Speisialta



Taighde atá mar bhonn eolais faoin bpróiseas athfhorbartha curaclaim níos leithne

Tá móiminteam i bpróiseas níos leithne na hathfhorbartha, lasmuigh de theanga agus den mhatamaitic, le brath ó bhí 2018 ann. Ó thaobh an taighde de, cuireadh borradh faoin obair le sraith de 14 thuarascáil taighde a réitigh nó a choimisiúnaigh CNCM chun tacú leis an bpróiseas athfhorbartha. Dhírigh na tuarascálacha sin ar cheisteanna leathana (m.sh., na luachanna atá mar bhonn faoin oideachas bunscoile) agus ar réimse breithnithe uileghabhálacha don churaclam freisin (m.sh., ról an eolais agus na bpríomhinniúlachtaí).

Chuir taighdeoirí a bhí lonnaithe in Éirinn agus go hidirnáisiúnta na tuarascálacha taighde sin i gcrích i gcomhar le foireann CNCM. I measc na dtuarascálacha taighde a cuireadh i gcrích in 2018 agus 2019 tá:

1. *Curriculum Integration* (Bacon, 2018).
2. *Audit of the Content of Early Years and Primary Curricula in Eight Jurisdictions: Overview Report* (O'Donnell, 2018a).
3. *Audit of the Content of Early Years and Primary Curricula in Eight Jurisdictions – Key Findings Synthesis: Curriculum Breadth, Depth and Organisation* (O'Donnell, 2018b).
4. *Effective Pedagogies for a Redeveloped Primary School Curriculum* (Volante, 2018).
5. *Towards a Values-Led Redevelopment of the Primary Curriculum* (Irwin, 2018).
6. *Research-Informed Analysis of 21st Century Competencies in a Redeveloped Primary Curriculum* (McGuinness, 2018).
7. *Athbhreithniú agus Athfhorbairt Churaclam na Bunscoile: Tuairisc na bPríomhthorthaí ó Thuismitheoirí ar Athbhreithniú agus Athfhorbairt Churaclam na Bunscoile* (CNCM, 2019a).
8. *Preschool to Primary School Transition Initiative Final Report* (CNCM, 2018d).
9. *A Melange or a Mosaic of Theories? How Theoretical Perspectives on Children's Learning and Development Can Inform a Responsive Pedagogy in a Redeveloped Primary School Curriculum* (Ring et al., 2018).
10. *The Transition to Primary Education: Insights from the Growing Up in Ireland Study* (Smyth, 2018).
11. *Towards an Overview of a Redeveloped Primary School Curriculum: Learning from the Past, Learning from Others* (Walsh, 2018).
12. *The Place of Knowledge in Curricula: A Research-informed Analysis* (Wyse agus Manyukhina, 2018).
13. *Aligning Assessment, Learning and Teaching in Curricular Reform and Implementation* (Lysaght et al., 2019).
14. *Curriculum Alignment and Progression between Early Childhood Education and Care and Primary School* (Shuey et al., 2019).



Mar thoradh ar an bpróiseas ar tugadh faoi chun *Dréachtchreat Curaclaim na Bunscoile* a fhoilsiú i mí Feabhra 2020 (CNCM, 2020a), coimisiúnaíodh tuarascálacha taighde breise chun tacú le cur i gcrích an chreatchuraclaim athfhorbartha. Mar shampla, coimisiúnaíodh léirbhreithnithe córasacha ar an litríocht do cheithre cinn de na cúig réimse curaclaim:


- Oideachas Ealaíon (O'Sullivan et al., 2023)
- Folláine (Nohilly et al., 2023)
- Oideachas Sóisialta agus Imshaoil (Pike et al., 2023)
- Oideachas Eolaíochta, Teicneolaíochta agus Innealtóireachta (Murphy et al., 2023)



Léirbhreithniú litríochta córasach chun tacú le forbairt na sonraíochta curaclaim do réimse an Oideachais Ealaíon.



Léirbhreithniú Litríochta Córasach chun Tacú le Forbairt na Sonraíochta Curaclaim do Réimse na Folláine.




A Review of Research and Scholarship in Geography, History and Education about Religions and Beliefs in the Context of the Redeveloped Irish Primary School Curriculum.



Curriculum & Literature Overview & Primary Science Education: Léirbhreithniú Córasach ar an Litríocht.

Úsáideadh tuarascáil eolais ar *Nuatheangacha lasachta a chomhtháthú i gcuraclam athfhorbartha bunscoile* (Keogh-Bryan, 2019) chun bonn eolais a chur faoi fhorbairt na bhforálacha maidir le Nuatheangacha lasachta laistigh de Churaclam Teanga na Bunscoile.







Tuarascáil eolais ar Nuatheangacha lasachta a chomhtháthú





I dteannta na léirbhreithnithe córasacha litríochta maidir leis na réimsí curaclaim, coimisiúnaíodh taighde trasearnálach freisin i réimsí a raibh breis soiléirithe ag teastáil ina dtaobh, faoi mar a tháinig chun cinn sa phróiseas forbartha. Choimisiúnaigh CNCM agus an Chomhairle Náisiúnta Tuismitheoirí (Bunbhrainse) Institiúid Oideachais Marino chun tabhairt faoi léirbhreithniú ar an litríocht maidir le bainteacht tuismitheoirí in oideachas a bpáiste (O'Toole et al., 2019). In 2022, coimisiúnaíodh agus foilsíodh sraith páipéir taighde chun tacú leis an teicneolaíocht dhigiteach laistigh den churaclam athfhorbartha. Cuimsítear leo sin:

- **Teicneolaíocht Dhigiteach:** *Being a Digital Learner* (Butler agus Leahy, 2022).
- **Teicneolaíocht Dhigiteach:** *Interacting Safely, Ethically and Responsibly* (O'Neill, 2022).
- **Teicneolaíocht Dhigiteach:** *Using, Understanding and Creating* (Waite agus Quille, 2022a).
- **Teicneolaíocht Dhigiteach:** *Using, Understanding and Creating – Technical Report* (Waite agus Quille, 2022b).
- **Teicneolaíocht Dhigiteach:** *Design Thinking* (Kenna, 2022).



Ullmhaíodh tuarascálacha maidir le comhtháthú curaclaim a choincheapú (Burke agus Lehane, 2023a) agus an litríocht a bhaineann le comhtháthú, oideolaíocht agus measúnú a fhí (Burke agus Lehane, 2023b), agus cuireadh iarscríbhinn amach le tacú leis an dá tuarascáil (Burke agus Lehane, 2023c; 2023d).





Ag an am céanna leis an taighde a dtugtar breac-chuntas air go dtí seo, chuir CNM tús le staidéar fadaimseartha cúig bliana in 2019, **Saol Scoile Páistí**, i gcomhar le Scoil an Oideachais sa Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath.⁴ Go dáta, tá naoi dtuarascáil taighde thábhachtacha foilsithe mar chuid den tionscadal maidir lena obair le páistí, múinteoirí agus scoileanna:

- **Tuarascáil 1:** *Children's School Lives: An Introduction* (Devine et al., 2020)
- **Tuarascáil 2:** *Experience of Remote Teaching and Learning in Ireland during the COVID-19 Pandemic* (Symonds et al., 2020)
- **Tuarascáil 3:** *Children's School Lives in Junior Infants* (Sloan et al., 2021)
- **Tuarascáil 4:** *Children's School Lives: Preschool to Primary School Transition* (Sloan et al., 2022)
- **Tuarascáil 5:** *Primary Pedagogies: Children and Teachers Experiences of Pedagogical Practices in Primary Schools in Ireland 2019–2022* (Devine et al., 2023)
- **Tuarascáil 6:** *Curriculum and Assessment in Children's School Lives: Experiences from Primary Schools in Ireland 2019–2023* (Martinez Sainz et al., 2023)
- **Tuarascáil 7:** *Children's School Lives: Children's Wellbeing in Irish Primary Schools (2019 to 2023)* (Sloan et al., 2024).
- **Tuarascáil 8a:** *Children's School Lives: Equalities in Children's School Lives – The Impact of Social Background (2019 go 2023)* (Devine et al., 2024a).
- **Tuarascáil 8b:** *Equalities in Children's School Lives: The Impact of Gender* (Devine et al., 2024b).



⁴Seo an chéad staidéar domhain in Éirinn ar bhunscoileanna lena gcuirtear le forbairt an bheartais náisiúnta, a bhfuil tuairimí páistí, a dteaghlach, a múinteoirí agus ceannairí scoile mar bhonn eolais leis. Fiosraítear ann eispéiris saoil 4,000 páiste in 189 scoil i rith bhlianta na bunscoile d'fhonn foghlaim faoi n-eispéiris scoile agus uathu. Tá CNM á mhaoiniú agus is í Scoil an Oideachais sa Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath atá ag tabhairt faoi. Féach <https://cslstudy.ie> chun tuilleadh eolais a fháil.



Taighde níos leithne a thacaigh le forbairt curaclaim

Spreag forbairtí curaclaim agus díospóireachtaí níos leithne taighde ar ghnéithe faoi leith den churaclam ag an am seo. Maidir leis an **Oideachas faoi Reiligiúin agus faoi Chreidimh agus Eitic**, choimisiúnaigh CNCM an National Foundation for Educational Research chun iniúchadh idirnáisiúnta a dhéanamh ar sholáthar oideachais faoi reiligiúin agus faoi chreidimh (ORC) agus oideachais eitice (Grayson, O'Donnell agus Sargent, 2014).

Ina dhiaidh sin, in 2015, tugadh faoi fhorléargas ar an ábhar i gClár na bPátrún a bhaineann le hoideachas faoi reiligiúin agus faoi chreidimh (ORC) agus eitic (CNCM, 2015b) agus *Encountering Children in a Curriculum for Education about Religions and Beliefs (ERB) and Ethics – A Review An Educational and Child's Rights Perspective in 2015* (CNCM, 2015c).



Úsáideadh sonraí ón staidéar **Ag Fás Aníos in Éirinn** roinnt uaireanta chun achoimre a dhéanamh ar an bhfoghlaim d'athfhorbairt churaclam na bunscoile, go háirithe maidir le folláine an pháiste agus aistrithe (McCoy, Smyth agus Banks, 2012; Smyth, 2015; Smyth, 2018). Mar chuid den phróiseas athfhorbartha, leag CNCM béim ar thaighde maidir le **haistrithe** oideachasúla agus faoi mar a ordaítear faoin Straitéis Náisiúnta um Litearthacht agus Uimhearthacht (ROS, 2011), díriodh go príomha ar an aistriú ón luath-óige go dtí an t-oideachas bunscoile. Mar thoradh air sin, foilsíodh trí thuarascáil taighde choimisiúnaithe inar léirbhreithníodh an litríocht (O'Kane, 2016), inar ndearnadh iniúchadh ar bheartais agus ar nósanna imeachta aistrithe go hidirnáisiúnta (O'Kane agus Murphy, 2016a) agus inar ndearnadh iniúchadh ar cháipéisíocht aistrithe a forbraíodh in Éirinn (O'Kane agus Murphy, 2016b). I dteannta na dtuarascálacha aonair, réitíodh Achoimre Fheidhmeach inar comhtháthaíodh príomhléargais ó gach tuarascáil freisin (CNCM, 2016b).

I ndiaidh iarratas ón Aire, réitigh nó choimisiúnaigh CNCM roinnt tuarascálacha taighde maidir le cuir chuige i leith **códú agus smaointeoireacht ríomhaireachtúil** a chomhtháthú i mbunscoileanna. Áirítear leo sin iniúchadh curaclaim idirnáisiúnta de 22 tír (CNCM, 2016c), athbhreithniú níos dírithe ar shé dhlínse (CNCM, 2018e) agus léirbhreithniú litríochta ar an smaointeoireacht ríomhaireachtúil agus ar a hábharthacht don churaclam athfhorbartha (Millwood et al., 2018). Ba é toradh an taighde sin a thóg ar eispéiris na scoileanna a phléigh le códú agus le smaointeoireacht ríomhaireachtúil thar dhá chéim idir 2017 agus 2019, ná tuarascáil deiridh ina raibh príomhphointí plé agus treoracha don todhchaí maidir le códú agus smaointeoireacht ríomhaireachtúil a chomhtháthú i gcuraclam bunscoile athfhorbartha (CNCM, 2019b).

In 2019, d'fhoilsigh CNCM iniúchadh curaclaim ar **chultúr agus stair an Lucht Siúil** ar fud leibhéal uile an churaclam (CNCM, 2019c). I gcomhthéacs an Achta um Theanga Chomharthaíochta na hÉireann, 2017, agus na himpleachtaí a bhaineann leis do scoileanna, choimisiúnaigh CNCM tuarascáil chun teagasc na Teanga Comharthaíochta i sé dhlínse a iniúchadh chun críche tacú le forbairt curaclaim Theanga Chomharthaíochta na hÉireann in Éirinn (O'Donnell, 2024). Foilsíodh Tuarascáil in 2019 ar an **oideachas le haghaidh forbairt inbhuanaithe** (CNCM, 2019d) chun aird a tharraingt ar na naisc don oideachas le haghaidh forbairt inbhuanaithe ar fud an churaclam. Tá na **treoirínte idirchultúrtha** do bhunscoileanna (CNCM, 2005b) faoi athbhreithniú faoi láthair agus táthar ag súil leis go dtiocfaidh an tuarascáil amach go déanach in 2025.



Snáithe 2: Comhairliúchán

Gné lárnach d'obair forbartha curaclaim CNCM is ea leas a bhaint as eolas agus ardinniúlacht na gcomhpháirtithe oideachais ar fad, páistí, múinteoirí, ceannairí scoile agus tuismitheoirí go háirithe. Dá bhrí sin, ba bhunchloch den phróiseas athfhorbartha curaclaim é an comhairliúchán, a úsáideadh chun leas a bhaint as guthanna, dearchtaí, ardinniúlacht agus uailmhianta príomhpháirtithe leasmhara agus an phobail níos leithne sa phróiseas oideachasúil. Ós rud é gur gníomhaireacht reachtúil de chuid na Roinne Oideachais é, tá cearta agus freagrachtaí reachtacha ag CNCM maidir le forbairt beartais oideachais faoin Acht Oideachais, 1998 (Rialtas na hÉireann, 1998). Freagracht amháin acu sin is ea an oibleagáid dul i gcomhairle le comhpháirtithe oideachais agus athruithe suntasacha beartais curaclaim agus measúnaithe á bpleanáil nó á bhforbairt. Le linn athfhorbairt churaclam na bunscoile baineadh úsáid as réimse cur chuige agus cineálacha comhairliúcháin, lena n-áirítear seimineáir ar líne agus i bpearsa, seimineáir ghréasáin, siompóisiamáí, cruinnithe déthaobhacha, fócasghrúpaí, suirbhéanna ar líne agus fóraim eile.

Comhairliúcháin Churaclam Teanga na Bunscoile

Faoi mar a luadh thuas, tugadh faoi phróiseas comhairliúcháin i ndiaidh fhoilsiú *Dhréachtchuraclam Teanga na Bunscoile*, a chlúdaíonn an Béarla agus an Ghaeilge araon do rang na naíonán sóisearach go dtí rang a dó in 2014 (CNCM, 2014a). I ndiaidh fhorbairt *Dhréachtchuraclam Teanga na Bunscoile* do rang a trí go dtí rang a sé, tugadh faoi phróiseas eile comhairliúcháin agus foilsíodh tuarascáil in 2018 (CNCM, 2018a). Mar thoradh ar an bpróiseas sin, leasaíodh an curaclaim teanga ar fad do gach rang agus cuireadh an curaclaim deiridh i bhfeidhm i ngach scoil ón mbliain 2019 (ROS, 2019a; 2019b).

Comhairliúcháin Churaclam Matamaitice na Bunscoile

I bhfianaise shainchúram CNCM maidir le curaclam matamaitice na bunscoile a leasú de réir ghníomhartha na Straitéise um Litearthacht agus Uimhearthacht (ROS, 2011), d'fhoilsigh CNCM dréacht de Churaclam Matamaitice na Bunscoile do rang na naíonán sóisearach go dtí rang a dó sa bhliain 2018 (CNCM, 2018b) agus ina dhiaidh sin tuairiscíodh torthaí an phróisis comhairliúcháin sin in 2018 (CNCM, 2018c). Mar thoradh ar an gcinneadh stop a chur le tabhairt isteach churaclam matamaitice na bunscoile, tugadh faoi comhairliúchán níos leithne in 2022 ar na Céimeanna ar fad den churaclam matamaitice agus foilsíodh *Curaclam Matamaitice na Bunscoile: Dréachtsonraíocht i gcomhair comhairliúcháin* (CNCM, 2022b) agus *Dréachtchuraclam Matamaitice na Bunscoile: Dréacht-Tacar Uirlisí Matamaitice na Bunscoile* (CNCM, 2022c), chomh maith le réimse ábhar tacaíochta coimhdeach (féach: <https://tinyurl.com/bdnh66ne>). Foilsíodh torthaí an phróisis comhairliúcháin sin in dá thuarascáil in 2023: ceann a bhain leis an bpróiseas comhairliúcháin níos leithne (CNCM, 2023b) agus ceann eile a bhain go sonrach leis an gcomhairliúchán le páistí (CNCM, 2023c). Thacaigh na próisis seo le foilsiú *Churaclam Matamaitice na Bunscoile* (CNCM, 2023a) atá i bhfeidhm i scoileanna ó mhí Mheán Fómhair 2024.



Comhairliúcháin a chuir bonn eolais faoin bpróiseas athfhorbartha curaclaim níos leithne

Tugadh faoin bpríomhchomhairliúchán, arb ionann é agus túsphointe phróiseas athfhorbartha níos leithne churaclam na bunscoile, sa bhliain 2011 agus lorgaíodh barúlacha na rannpháirtithe maidir leis na tosaíochtaí don oideachas bunscoile. Foilsíodh torthaí an chomhairliúcháin sin in 2012 (CNCM, 2012b) agus chuir siad sin treoir ar fáil do thuilleadh obair athfhorbartha. Míniú ar an mbearna san obair forbartha is ea an cúlú suntasach eacnamaíochta a thit amach agus a d'imir tionchar ar scoileanna agus ar pháirtithe leasmhara níos leithne le linn na tréimhse sin. Ina dhiaidh sin, sa bhliain 2016, d'fhoilsigh CNCM dréachtmholtaí le haghaidh comhairliúcháin i dtaca leis an gcaoi a bhféadfaí struchtúr difriúil a chur ar churaclam na bunscoile agus leis an gcaoi a bhféadfaí am a úsáid ar fud an churaclaim (CNCM, 2016d). Foilsíodh tuarascáil chríochnaitheach maidir le torthaí an chomhairliúcháin sin sa bhliain 2018 (CNCM, 2018f), chomh maith le hAchoimre Feidhmiúcháin ar an tuarascáil (CNCM, 2018g). I dteannta na dtuarascálacha sin, foilsíodh, i dtuarascáil ar leithligh, aighneachtaí scríofa eagraíochtaí agus daoine aonair a thoiligh go ndéanfaí a gcuid aighneachtaí a fhoilsiú (CNCM, 2018h). Bhí na tuarascálacha comhairliúcháin sin ar fad rithábhachtach maidir le treo agus struchtúr *Dhréachtchreat Curaclaim na Bunscoile*, a foilsíodh in 2020, a mhúnlú. Ina theannta sin, d'fhoilsigh CNCM páipéar maidir le dul i gcomhairle le páistí mar chuid d'fhorbairtí curaclaim (CNCM, 2019e).

I ndiaidh fhoilsiú *Dhréachtchreat Curaclaim na Bunscoile* (CNCM, 2020a), rinneadh dhá chéim chomhairliúcháin a phleanáil agus a chur ar bun le comhpháirtithe agus páirtithe leasmhara éagsúla. Bhí tionchar ag paindéim COVID-19 ar dhearadh agus ar fhad an chomhairliúcháin agus foilsíodh tuarascáil ar ghnéithe uile an phróisis comhairliúcháin in 2022 (CNCM, 2022d). Foilsíodh tuarascáil theicniúil in éineacht leis sin a chuir léargais bhreise ar fáil ar na sonraí a bailíodh agus a anailísíodh (CNCM, 2022e). Ó thaobh na n-aighneachtaí scríofa a anailísíodh mar chuid den tuarascáil chomhairliúcháin, thoiligh 147 as measc 174 údar go bhfoilseofaí a gcuid aighneachtaí agus rinneadh iad sin a fhoilsiú ar líne faoi sheacht gcatagóir leathana:

1. Ionchuimsiú
2. Ilchineálacht
3. Teanga
4. Éiteas
5. Bainteach go sonrach le hábhar ar leith
6. Sochaí Shibhialta
7. Ginearálta (ceisteanna forfheidhmithe/córais den chuid is mó) (<https://tinyurl.com/mpwej3w8>).

Coimisiúnaíodh Institiúid Oideachais Marino chun tabhairt faoi chomhairliúchán le páistí ag an am céanna ar *Dhréachtchreat Curaclaim na Bunscoile* agus foilsíodh an tuarascáil in 2022 (Kiely et al., 2022). De réir mar a rinneadh dul chun cinn i dtaca le forbairt na sonraíochtaí curaclaim, reáchtáladh comhairliúcháin faoi leith le páistí maidir le roinnt príomhathruithe curaclaim:

- In 2023, lorgaíodh agus foilsíodh barúlacha páistí ar thodhchaí an chorpoideachais agus an oideachais shóisialta, phearsanta agus sláinte, a comhtháthaíodh i nDréachtchuraclam Folláine (CNCM, 2024a). Foilsíodh leagan oiriúnach do pháistí den tuarascáil freisin (CNCM, 2024b).
- In 2023, dhírigh comhairliúcháin leis na páistí ar thodhchaí na staire agus na tíreolaíochta mar chuid de dhréachtchuraclam an Oideachais Shóisialta agus Comhshaoil (CNCM, 2024c). Foilsíodh leagan oiriúnach do pháistí den tuarascáil freisin (CNCM, 2024d).
- Ag tógáil ar a cuid oibre níos luaithe (Kiely et al., 2022), thug Institiúid Oideachais Marino faoi chomhairliúchán níos leithne le páistí ar a gcuid barúlacha agus eispéireas le curaclam na bunscoile, ag tabhairt faoi chás-staidéir ar eispéireas na bpáistí sna cúig réimse curaclaim chun bonn eolais a chur faoi fhorbairt na ndréachtsonraíochtaí curaclaim (Kiely et al., 2024).



Bunaithe ar chomhpháirtíochtaí agus comhaontais níos leithne CNCM, baineadh leas as deiseanna breise chun barúlacha páirtithe leasmhara níos leithne a lorg le linn an phróisis comhairliúcháin. Mar shampla, d'eagraigh CNCM agus Coláiste Ealaíne Bhoirne dhá imeacht comhairliúcháin i gcomhar lena chéile in 2022. 'Oideachas ETIM agus Curaclam na Bunscoile' an teideal a bhí ar cheann de na himeachtaí (CNCM, 2022f) agus 'Oideachas Ealaíon agus Curaclam na Bunscoile' an teideal a bhí ar an dara ceann (CNCM, 2022g).


Seoladh próiseas comhairliúcháin eile i mí an Mhárta 2024 i ndiaidh fhoilsiú na ndréachtsonraíochtaí do na gcúig réimse curaclaim (CNCM, 2024e; 2024f; 2024g; 2024h; 2024k). Bhí an comhairliúchán sin ar bun go dtí samhradh 2024 agus bhí roinnt gnéithe i gceist leis, ina measc sin, aighneachtaí scríofa, ceistneoirí do mhúinteoirí agus tuismitheoirí le haghaidh gach sonraíochta, ceistneoir faoi ailíniú curaclaim, fócasghrúpaí do mhúinteoirí (ar líne agus aghaidh ar aghaidh i seacht n-ionad go náisiúnta), agus fócasghrúpa ar líne do thuismitheoirí. Tugadh cuireadh do gach bunscoil agus scoil speisialta páirt a ghlacadh i líonra scoileanna do cheann de na cúig réimse curaclaim agus d'oibrigh CNCM leis na scoileanna sin idir mí an Mhárta agus mí an Mheithimh 2024 chun aiseolas scoilbhunaithe a bhailiú

ar na dréachtsonraíochtaí. Foilsíodh tuarascáil i mí na Nollag 2024 ar thorthaí an chomhairliúcháin sin, lena n-áirítear aiseolas ó fhócasghrúpaí, cruinnithe déthaobhacha, comhdháil chomhairleach, ceistneoirí agus aighneachtaí scríofa na Líonraí Scoileanna (CNCM, 2024m). Foilsíodh tuarascáil theicniúil in éineacht leis an tuarascáil fhoriomlán comhairliúcháin sin ina ndéantar cur síos ar fhreagraí focal ar fhocal na gceistneoirí (CNCM, 2024n), agus, nuair a tugadh toiliú, cuntas focal ar fhocal ar na haighneachtaí scríofa a fuarthas faoi na dréachtsonraíochtaí (CNCM, 2024p). Foilsíodh tacair shonraí ón gcomhairliúchán de réir Bheartas um Shonraí Oscailte CNCM ag

<https://ncca.ie/ga/acmhainni/tuarascail-ar-an-gcomhairliuchan-ar-dhreachtsonraiochtaí-curaclaim-na-bunscoile/>

chun trédhearcacht a fheabhsú, rud a chumasaigh páirtithe leasmhara chun athbhreithniú a dhéanamh ar na macrashonraí a dhéanann eolas do chinntí beartais.

Ar bhonn níos leithne, chuir sraith de thuarascálacha taighde maidir le creidimh agus eiticí reiligiúnacha a choimisiúnaigh agus a rinne CNCM (Grayson, O'Donnell agus Sargent, 2014; NCCA, 2015b; NCCA, 2015c) bonn eolais faoi pháipéar comhairliúcháin CNCM (2015d). Mar thoradh ar an bpróiseas comhairliúcháin seo foilsíodh tuarascáil (CNCM, 2017), 172 aighneacht scríofa a raibh cead faighte ag CNCM lena bhfoilsiú (CNCM, 2016e) agus anailís de chuid na hInstitiúide Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta (ITES) ar na sonraí comhairliúcháin (Darmody agus Smyth, 2017).



Fíor 2: Comhairliúchán le Páistí agus le Páirtithe Leasmhara Eile

Snáithe 3: Líonrú

Mar chomhlacht reachtúil de chuid na Roinne Oideachais, tá CNCM leabaithe go daingean i dtírdhreach oideachais na hÉireann. Agus CNCM ag forbairt comhairle don Aire Oideachais, úsáidtear cuir chuige éagsúla chun idirghníomhú agus comhoibriú le páistí, múinteoirí, ceannairí scoile, tuismitheoirí agus páirtithe leasmhara níos leithne chun forbairtí curaclaim agus measúnaithe a athbhreithniú, a phlé agus a mhúnlú. Tá ionadaíocht ag CNCM ar réimse comhlachtaí agus struchtúir reachtúla agus neamhreachtúla agus is í an Roinn Oideachais a chinneann ionadaíocht struchtúir CNCM féin (Féach <https://ncca.ie/ga/faoin-cncm/> le haghaidh forléargas ar ionadaíocht ar Chomhairle agus Bhoird CNCM).

Cuireann sé sin córas ar fáil do CNCM chun a nguth a chur in iúl maidir le forbairtí beartais oideachais níos leithne agus chun go mbeadh deis ag comhpháirtithe oideachais agus ag páirtithe leasmhara cur le forbairtí beartais curaclaim agus measúnaithe.

Seimineáir Churaclaim (2018–2019)

Chun tacú le rannpháirteachas leis na 14 pháipéar taighde thuasluaite agus leis an bplé orthu chun críche tacú leis an bpróiseas athfhorbartha, d'eagraigh CNCM sraith cúig Sheimineár Curaclaim idir mí an Mhárta 2018 agus mí Eanáir 2019. D'fhreastail réimse leathan comhpháirtithe oideachais agus páirtithe leasmhara orthu seo (m.sh., múinteoirí, ceannairí scoile, seirbhísí tacaíochta, an Roinn Oideachais agus Scileanna agus a cuid gníomhaireachtaí, an Chomhairle Náisiúnta Tuismitheoirí - Bunbhrainse, oideachas tosaigh múinteoirí, eagraíochtaí luath-óige, Líonra Phríomhoidí Bunscoile na hÉireann (IPPN), Cumann Múinteoirí Éireann (CMÉ), comhlachtaí bainistíochta scoile).^s Ba é príomhchuspóir na Seimineár Curaclaim ná deis a thabhairt do rannpháirtithe machnamh a dhéanamh ar phríomhphointí a tháinig chun cinn sna páipéir taighde a ullmhaíodh chun bonn eolais a chur faoi phróiseas athfhorbartha an churaclaim, agus chun na pointí sin a phlé agus a scagadh ó dhearcthaí difriúla. Bhí cuir i láthair spreagathisc maidir leis na 'smaointe móra' don churaclam athfhorbartha ó na taighdeoirí mar chuid de gach seimineár agus bhí babhtaí bailithe tuairimí agus pléphainéil ann ina dhiaidh sin.



^s Le haghaidh forléargas mionsonraithe ar na comhpháirtithe agus páirtithe leasmhara ar tugadh cuireadh dóibh teacht chuig gach ceann de na cúig sheimineár, féach Aguisín 1 de gach ceann de na cúig thuarascáil (CNCM 2019f; 2019g; 2019h; 2019k; 2019m).



Bhí formáid agus fócas na cúig Sheimineár Curaclam leagtha amach mar a leanas.

An Seimineár	An Cur i láthair Spreagathisc
Seimineár 1 – Márta 2018 Cuspóir an Churaclaim	- An Dr Thomas Walsh, Ollscoil Mhá Nuad – <i>Review of the Introduction to the Primary School Curriculum</i> (1999) (Walsh, 2018) - An Dr Jones Irwin, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath – <i>Priorities and Values of Society</i> (Irwin, 2018)
Seimineár 2 – Bealtaine 2018 Sineirgí Cumhachtacha	- An tOllamh Louis Volante, Ollscoil Brock – <i>Pedagogy and Metapractices</i> (Volante, 2018) - An Dr Karin Bacon, Institiúid Oideachais Marino – <i>Curriculum Integration</i> (Bacon, 2018) - An tOllamh Emerita Carol McGuinness, Ollscoil na Banríona – <i>21st century Competencies</i> (McGuinness, 2018) - An tOllamh Dominic Wyse, University College London – <i>The Role of Knowledge in Curricula</i> (Wyse agus Manyukhina, 2018)
Seimineár 3 – Deireadh Fómhair 2018 Léargais Nua	- Bernie McNally, RLGÓ – <i>Context and Policy Developments in Early Years Provision</i> - An Dr Harold Hislop, ROS – <i>Current Provision and Future Challenges in Early Years</i> - An tOllamh Emer Smyth, ITES – <i>Transition to Primary Education</i> (Smyth, 2018) - An Dr Alejandra Cortázar, CEPI, an tSile – <i>Curriculum Alignment and Progression</i> (Shuey et al., 2019)
Seimineár 4 – Samhain 2018: Turais Foghlama a Bhreiseiú	- An Dr Emer Ring, an Dr Lisha O'Sullivan, Marie Ryan agus Patrick Burke, Coláiste Mhuire Gan Smál – <i>Learning Theories</i> (Ring et al., 2018) - CNCM – <i>Parents' Perspectives on a Redeveloped Primary Curriculum</i> (CNCM, 2019a)
Seimineár 5 – Eanáir 2019 An Turas ar Aghaidh a Rianú	- Sharon O'Donnell – <i>International Primary Curricula</i> (O'Donnell, 2018a; 2018b) - An tOllamh Michael O'Leary agus an Dr Zita Lysaght, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath – <i>Aligning Assessment, Learning and Teaching in Curricular Reform and Implementation</i> (Lysaght et al., 2019)

D'fhoilsigh CNCM tuarascáil inar comhtháthaíodh príomhphlé agus príomhthéamaí gach Seimineár Curaclaim (CNCM, 2019f; 2019g; 2019h; 2019k; 2019m). Chomh maith leis na tuarascálacha aonair a ullmhaíodh do gach Seimineár Curaclaim, foilsíodh tuarascáil sintéise freisin inar achoimríodh príomhthéamaí agus léargais ó na cúig sheimineár (CNCM, 2019n).

Seimineár Leading Out (2019–2022)

Agus *Dréachtchreat Curaclaim na Bunscoile* ag druidim i dtreo a fhoilsiú, d'eagraigh CNCM sraith seimineár Leading Out idir mí na Nollag 2019 agus mí Dheireadh Fómhair 2022. De bharr theacht phaindéim COVID-19, reáchtáladh cuid de na seimineáir sin ar líne. D'fhoilsigh CNCM liosta de 32 eagraíocht páirtithe leasmhara a d'fhreastail ar sheimineár Leading Out sa bhliain 2020 (CNCM, 2020b).

Ba é príomhchuspóir na seacht Seimineár Leading Out seo tacú le heagraíochtaí páirtithe leasmhara na dálaí riachtanacha chun tacú le tabhairt isteach agus le cur i bhfeidhm Churaclam athfhorbartha na Bunscoile a shainaithint agus chun tús a chur lena chur i bhfeidhm. Eagraíodh gach seimineár chun díriú ar phríomhthéama a bhaineann le hathfhorbairt agus athrú curaclaim, lena n-áirítear, 'Na dálaí fabhracha le haghaidh athrú curaclaim', 'Cumas gníomhúcháin agus solúbthacht', 'Ailíniú agus comhleanúnachas beartais', 'Ceannaireacht ar fud an chórais', 'Foghlaim ar fud an chórais' agus 'Cumas gníomhúcháin agus féiniúlacht múinteoirí'. Foilsíodh tuarascáil sintéise i ndiaidh gach seimineár (CNCM, 2019p; 2020c; 2020d; 2020e; 2021; 2022h; 2022k) agus bhí an tsraith seimineár lárnach freisin ó thaobh bonn eolais a chur faoin gcáipéis *Tacú le hAthrú Curaclam Bunscoile ar fud an Chórais* (CNCM, 2022m). Foilsíodh ábhair choimhdeacha ón tsraith seimineár freisin, amhail sleamhnáin ó na cuir i láthair agus podchraoltaí agus físeáin ghaolmhara (ar fáil ar <https://tinyurl.com/3dnuhfky>).



Curaclam á Athshamlú – Seimineáir (2023)

Cuireadh trí sheimineáir ‘Curaclam á Athshamlú’ ar bun chomh maith leis na seimineáir líonraithe thuasluaite agus tháinig príomhpháirtithe leasmhara agus comhpháirtithe le chéile lena linn chun impleachtaí don churaclam a fhiosrú agus a phlé bunaithe ar an taighde a rinne CNCM agus a choimisiúnaigh CNCM, agus béim faoi leith ar na léirbhreithnithe ar an litríocht i gcás na réimsí éagsúla curaclaim. Seo a leanas struchtúr na sraithe seimineáir:

- **Curaclam á Athshamlú – Seimineár 1:** Ba ar thorthaí agus impleachtaí na staidéar taighde maidir leis an Oideachas Sóisialta agus Imshaoil (Pike et al., 2023) agus leis an Oideachais Ealaíon (O’Sullivan et al., 2023) a díriodh sa seimineár seo, a reáchtáladh i mí an Mhárta 2023. Féach CNCM (2023d) le haghaidh tuarascáil ar an seimineár seo.
- **Curaclam á Athshamlú – Seimineár 2:** Reáchtáladh an seimineár seo i mí na Bealtaine 2023 agus d’fhiosraigh sé impleachtaí an taighde ar Fholláine (Nohilly et al., 2023) agus ar Oideachas ETIM (Murphy et al., 2023) don churaclam athfhorbartha. Féach CNCM (2023e) le haghaidh tuarascáil ar an seimineár seo.
- **Curaclam á Athshamlú – Seimineár 3:** Sa tríú seimineár seo, a reáchtáladh i mí Dheireadh Fómhair 2023, fiosraíodh saincheistanna a tháinig chun cinn sa taighde ar Chomhtháthú, Oideolaíocht agus Measúnú laistigh den churaclam (Burke agus Lehane, 2023a; 2023b) agus i dtuarascálacha taighde le déanaí ón staidéar thuasluaite faoi Shaol Scoile Páistí (Devine et al., 2023). Féach CNCM (2023f) le haghaidh tuarascáil ar an seimineár seo.

Tá liosta de thart ar 50 comhpháirtí, eagraíocht agus páirtí leasmhar a d’fhreastail ar gach ceann de na seimineáir ‘Curaclam á Athshamlú’ ar fáil in Aguisín 1 de gach ceann de na tuarascálacha (CNCM, 2023d; 2023e; 2023f).

Líonraí Scoile/Fóram Scoileanna

Ó thaobh obair athfhorbartha churaclam na bunscoile de, tá an líonrú le scoileanna i ndiaidh a bheith ina ghné lárnach sa phróiseas athfhorbartha. Sula raibh 2018 ann, d’oibrigh CNCM le roinnt líonraí scoileanna agus gnéithe éagsúla de bheartas curaclaim agus measúnaithe á bhforbairt acu. Mar shampla, d’oibrigh líonra de 12 scoil le Foireann Feidhmiúcháin CNCM ar fhorbairt Churaclam Matamaitice na Bunscoile le linn scoilbhliain 2017-18. D’oibrigh líonraí breise scoileanna (bhí 15 scoil rannpháirteach i gcéim 1 agus bhí 25 scoil sa bhreis rannpháirteach i gcéim 2) le CNCM freisin ar an tionscnamh ‘Códú i mBunscoileanna’ ó 2017 go dtí 2019.

Ina dhiaidh sin bunaíodh an Fóram Scoileanna in 2018 chun tacú leis an athbhreithniú agus athfhorbairt ar churaclam na bunscoile. Faoi láthair tá ionadaithe ó thart ar 60 scoil ar an bhFóram Scoileanna, lena n-áirítear sampla ionadaíoch de scoileanna uirbeacha, tuaithe, scoileanna a fheidhmíonn trí mheán nGaeilge agus scoileanna ar scoileanna DEIS, iad agus nach scoileanna DEIS iad araon. Is ó bhunscoileanna a thagann formhór na n-ionadaithe, ach is ionann cuid bheag acu agus gairmithe oideachais atá ag obair i suíomhanna luath-óige agus iar-bhunscoile (féach <https://tinyurl.com/yekfnwyx> do liosta scoileanna agus suíomhanna, chomh maith le forléargas ar an obair atá ar siúl ag an bhFóram faoi láthair). D’oibrigh an Fóram Scoileanna le Foireann Feidhmiúcháin CNCM ar leasú Churaclam Teanga na Bunscoile in 2018, sular foilsíodh é sa bhliain 2019.

Buaileann múinteoirí agus ceannairí scoile ón bhFóram Scoileanna le chéile fós cúig huaire sa bhliain nó mar sin (ar líne le linn phaindéim COVID-19 ach aghaidh ar aghaidh den chuid is mó) chun athbhreithniú agus athfhorbairt churaclam na bunscoile a threorú agus chun cabhrú lena múnú.

Go sonrach, seo a leanas a bhíonn i gceist le sainchúram agus obair an Fhórait Scoileanna:

- Nasc agus caidreamh a chruthú idir foireann uile na scoile agus obair CNCM i bpróiseas athfhorbartha churaclam na bunscoile.
- Cur le plé ar churaclam a thabhairt isteach, a chur i bhfeidhm agus a chur chun feidhme i mbunscoileanna agus scoileanna speisialta

Seasann DEIS do Chomhionannas Deiseanna a Sholáthar i Scoileanna. Is é príomhthionscnamh beartais na Roinne Oideachais é chun freagairt don mhíbhuntáiste oideachasúil. Tacaíonn an clár le scoileanna ina bhfuil líon mór scoláirí atá faoi mhíbhuntáiste. Le haghaidh tuilleadh faisnéise féach <https://www.gov.ie/ga/an-roinn-oideachais/poist-pholasai/comhionannas-deiseanna-sna-scoileanna-a-sheachadadh-deis/>.



- Aiseolas mionsonraithe a chur ar fáil ar mholtaí i *nDréachtchreat Curaclaim na Bunscoile* (CNCM, 2020a) agus tacú le tabhairt chun críche *Chreatchuraclam na Bunscoile* (an Roinn Oideachais, 2023).
- Scoileanna áitiúla eile sa chomharsanacht a spreagadh chun páirt a ghlacadh sa chomhairliúchán ar na dréachtsonraíochtaí curaclaim.
- Aiseolas mionsonraithe a chur ar fáil ar na moltaí i gcúig Dhréachtsonraíocht Churaclam na Bunscoile (NCCA, 2024e; 2024f; 2024g; 2024h; 2024k) agus tacú lena dtabhairt chun críche.
- Tacú le haird a tharraingt go háitiúil agus go réigiúnach ar an gcomhairliúchán (m.sh., raidió, nuachtán, meáin shóisialta, cruinnithe craoibhe ceantair INTO, cruinnithe coiste contae IPPN).
- Bonn eolais a chur faoi na Tacair Uirlisí ar líne a fhorbairt do gach réimse curaclaim.

Painéal Comhairleach (Bunscoil)

I dteannta na struchtúr arb ann dóibh cheana féin, bunaíodh an Painéal Comhairleach (Bunscoil) in 2020 chun tacú leis an bpróiseas athfhorbartha curaclaim. Tá ceathrar acadóirí (triúr acadóirí idirnáisiúnta agus duine amháin atá lonnaithe in Éirinn) ar an bpainéal sin, a roghnaíodh de bharr a n-ardinniúlachta agus a dtaithe ar phróisis athfhorbartha curaclaim agus measúnaithe. Seo a leanas baill an Phainéil Chomhairligh (Bunscoil):

- An tOllamh Emerita Louise Hayward (Ollscoil Ghlaschú)
- An tOllamh Jim Spillane (Ollscoil Northwestern, Chicago)
- An Dr Thomas Walsh (Ollscoil Mhá Nuad)
- An tOllamh Dominic Wyse (An Institiúid Oideachais, Ollscoil London)

Iarracht d'aon turas de chuid CNCM a bhí i gceapadh an Phainéil Chomhairligh chun an próiseas athfhorbartha curaclaim a oscailt do “strainséirí cultúrtha” a chuir léargais agus ardinniúlacht faoi leith ar fáil maidir le hathfhorbairt curaclaim lasmuigh d'Éirinn. Ba ghné lárnach de shainchúram an Phainéil é barúlacha a cheistiú agus réitigh a anailísiú ó bhun go barr, mar chuid d'iarracht chun an próiseas athfhorbartha a chur ar chonair lenar bhain an seans ba mhó go n-éireodh le cur i bhfeidhm fiúntach agus leanúnach an churaclaim, seachas dul ar an éascaíocht.



Tá an Painéal i ndiaidh teacht le chéile tuairim is ocht n-uaire sa bhliain ó mhí an Mhárta 2020 chun an próiseas athfhorbartha a fhiosrú, a phlé agus chun tacú leis. Tháinig siad le chéile le haghaidh cruinnithe cónaithe in Éirinn ceithre huaire freisin idir mí an Mhárta 2022 agus mí Mheán Fómhair 2024 (faoi thrí i mBaile Átha Cliath agus uair amháin i Luimneach) chun bualadh le baill Fhoireann Feidhmiúcháin CNCM, le hoifigigh na Roinne Oideachais agus le comhpháirtithe oideachais níos leithne. Le linn trí cinn de na cruinnithe cónaithe sin, d'oibrigh comhaltaí an Phainéil Chomhairligh leis an bhFóram Scoileanna ar shaincheisteanna amhail cumas gníomhúcháin, solúbthacht, oideolaíocht agus measúnú, agus na himpleachtaí a bhaineann leo do chleachtas gairmiúil na múinteoirí. Phléigh an Painéal Comhairleach le hoideoirí tosaigh múinteoirí freisin ó thaobh impleachtaí an churaclaim athfhorbartha don oiliúint múinteoirí. Phléigh comhaltaí an Phainéil, ar bhonn indibhidiúil agus i dteannta a chéile, le páirtithe níos leithne oideachais le linn imeachtaí cosúil le pléphainéil, cruinnithe le hoifigigh na Roinne Oideachais, plé le cathaoirligh Mheithleacha Forbartha na sonraíochta, cuir i láthair ag seimineáir agus comhdhálacha, agus comhairliúcháin le páirtithe leasmhara.

Déantar cáipéisíocht an dréachtchuraclaim a athbhreithniú agus a phlé ar bhonn leanúnach, agus úsáidtear léargais sheachtracha sa phróiseas athfhorbartha curaclaim i bpróiseas foghlama comhoibríoch agus tairbheach. I gcomhar le foireann CNCM, d'ullmhaigh agus d'fhoilsigh an Painéal Comhairleach cáipéis chomhoibríoch, *Ó Chuspóir go Cleachtas*, a bhfuil sé mar aidhm léi tacú le páirtithe leasmhara dul i ngleic le ‘smaointe móra’ an athraithe curaclaim (Hayward et al., 2022). Cuireadh sraith gearrfhíseán amach in éineacht leis an gcáipéis chun tacú le rannpháirteachas páirtithe leasmhara (<https://tinyurl.com/bdduvhtp>). Chuir plé an Phainéil Chomhairligh bonn eolais faoi *Tacú le hAthrú Curaclaim Bunscoile ar fud an Chórais* (NCCA, 2022m) freisin, cáipéis a réitíodh chun tacú le cinnteoireacht agus gníomh comhoibríoch agus comhchoiteann de réir mar a oibríonn gach páirtí leasmhar in earnáil na bunscoile le chéile chun tacú le hathrú curaclaim agus chun é a threorú.



Beacons

I dteannta na struchtúr líonraithe agus comhairliúcháin arb ann dóibh cheana féin, chomhoibrigh CNCM leis an gComhairle Múinteoireachta i mí an Mhárta 2022 chun imeacht fadlae BEACONS (Beocht a chur san Oideachas dár bPobail Ar Bhonn Náisiúnta) a reáchtáil. Thug an ócáid seo deis do thart ar 70 rannpháirtí (lena n-áirítear 40 páiste ó thrí bhunscoil i mBaile Átha Cliath in éineacht lena dtuismitheoirí, múinteoirí, ceannairí scoile agus ionadaithe ó chomhlachtaí náisiúnta [m.sh., an Roinn Oideachais, an tIonad um Cheannaireacht Scoile, an Chomhairle Múinteoireachta, an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta, an Chomhairle Náisiúnta Tuismitheoirí (Bunscolaíocht) agus an tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí]) teacht le chéile agus a ndearcthaí, a mbarúlacha agus a smaointe maidir le todhchaí Churaclam na Bunscoile in Éirinn a roinnt. Chomh maith le himeachtaí agus torthaí an lae a fhoilsiú (CNCM, 2022n), ullmhaíodh físeán chun blaiseadh a thabhairt ar an imeacht (<https://tinyurl.com/9b54r324>).



Snáithe 4: Plé⁷

I bhfianaise na hoibre fairsinge ar tugadh fúithi ó thaobh taighde, comhairliúcháin agus snáitheanna líonraithe de, is gné riachtanach den phróiseas athfhorbartha é an plé a rinne CNCM ar úsáid a bhaint as an bhfianaise agus na dearchthaí a bailíodh. Tá an próiseas breithniúcháin seo leanúnach agus athchúrsach, ag comhtháthú eolais agus dearchthaí ó na snáitheanna taighde, comhairliúcháin agus líonraithe mar chuid de chleachtas sóisialta agus gairmiúil. Tá an snáithe agus spás breithniúcháin riachtanach laistigh de phróiseas ginearálta na hathfhorbartha curaclaim, ós rud é gur sa spás seo a dhéantar cinntí bunaithe ar an bhfaisnéis agus na dearchthaí atá ar fáil i dtaighde, comhairliúcháin agus líonrú – agus is minic go mbíonn siad seo éagsúil, faoi chonspóid nó go mbíonn luachanna mar bhonn eolais fúthu.

Tugtar forléargas i bhFíor 1 thíos ar struchtúr CNCM a sholáthraíonn creat don phlé seo, trí Fhoireann Feidhmiúcháin inmheánach CNCM agus trína struchtúir ionadaíocha níos leithne araon. Leagtar ról agus raon feidhme gach struchtúir (m.sh., Comhairle CNCM) amach sa reachtaíocht nó trí théarmaí tagartha nó paraiméadair arna mbunú ag Comhaire CNCM (m.sh., do na Meithleacha Forbartha). Chun críche an athbhreithnithe seo, fiosaítear an próiseas breithniúcháin, dá réir sin, trí na struchtúir seo a leanas:

- Obair inmheánach Fhoireann Feidhmiúcháin CNCM.
- Struchtúir ionadaíochta CNCM:
 - Meithleacha Forbartha.
 - An Bord don Luath-Óige agus don Bhunscoil.
 - Comhairle CNCM.

Mar sin féin, is gá béim a leagan ar an gcaoi nach bhfuil an próiseas breithniúcháin seo líneach agus go mbaineann go leor próisis dhinimiciúla agus athchúrsacha idirghníomhaíochta leanúnaí leis laistigh de na struchtúir éagsúla agus ar fud na struchtúir sin. Tá sé tábhachtach go háirithe cuimhneamh ar scála agus ar raon feidhme an phróisis atriailaigh seo, i bhfianaise na tréimhse fada ama ar athforbraíodh curaclam na bunscoile lena linn.



Fíor 3: An Próiseas Breithniúcháin

⁷ De bharr nádúr inmheánach an phróisis breithniúcháin, ba é a chuir bonn eolais faoin gcuid seo ná agallamh leathstruchtúrtha le ball sinsearach d'Fhoireann Feidhmiúcháin CNCM chun léargais a nochtadh ar an bpróiseas breithniúcháin laistigh de CNCM agus trína struchtúir ionadaíocha.




Foireann Feidhmiúcháin CNCM

Tá Foireann Feidhmiúcháin lánaimseartha ag CNCM atá faoi cheannas an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin (PFO), Arlene Forster. Maidir le réimse na bunscoile, déanann an Leas-Phríomhfheidhmeannach (an Dr Patrick Sullivan), chomh maith le cúigear stiúrthóirí atá freagrach as gnéithe éagsúla den obair ar churaclam agus measúnú na luath-óige agus na bunscoile, tacaíocht a thabhairt don PFO. Stiúrann gach stiúrthóir foireann Oifigeach Oideachais a oibríonn ar fhoirne tionscadail chun réimsí faoi leith oibre a chur chun cinn (m.sh., oibríonn beirt Oifigeach Oideachais ar gach réimse curaclaim a fhad is a oibríonn Oifigigh Oideachais ar théamaí agus tionscadail níos ginearálta). Iar-mhúinteoirí atá ag obair go buan leis an eagraíocht nó atá ar iasacht is ea nach mór gach ball foirne CNCM atá ag obair ar an athfhorbairt ar churaclam na bunscoile.

In 2025, d'oibrigh tuairim is 20 ball foirne laistigh de CNCM ar fhorbairt comhairle maidir le curaclam agus measúnú na luath-óige agus na bunscoile.

Tá Foireann Feidhmiúcháin CNCM lárnach don phróiseas breithniúcháin; bainistíonn siad an próiseas a bhaineann le heolas agus léargais ó na snáitheanna taighde, comhairliúcháin agus líonraithe a thabhairt isteach san athfhorbairt curaclaim. Tá foirne tionscadail CNCM, faoi cheannas stiúrthóra CNCM agus i bplé le baill níos leithne na Foirne Feidhmiúcháin, lárnach maidir le tuarascálacha agus cáipéisí curaclaim agus measúnaithe a fhorbairt. De ghnáth, déanann na foirne tionscadail seo na dréachtaí tosaigh a scríobh agus na próisis aiseolais a bhainistiú de réir mar a ullmhaítear dréachtaí ina dhiaidh sin. Is éard a bhíonn i gceist leis sin de ghnáth ná roinnt babhtaí plé, dréachtaí, athbhreithnithe agus breathnuithe de chuid bhaill Fhoireann Feidhmiúcháin CNCM agus de chuid struchtúir níos leithne freisin, amhail na Meithleacha Forbartha, an Bord don Luath-Óige agus don Bhunscoil agus Comhairle CNCM, de réir mar a leanann an obair ar aghaidh. Déanann snáitheanna eile na hoibre (an taighde, na comhairliúcháin agus an líonrú) bonn eolais a chur faoi na próisis scríbhneoireachta agus breithniúcháin. Mar shampla, is féidir le fianaise ó thaighde an-tionchar a bheith aige ag tús na bpróiseas dréachtaithe seo ach níos déanaí sa phróiseas is féidir foclaíocht agus béimeanna a mhaolú trí thagairt a dhéanamh d'fhianaise ó na próisis comhairliúcháin nó líonraithe (m.sh., trí rannpháirteachas leis an bhFóram Scoileanna). Chomh maith le hobair i bhfoirne, freastalaíonn na hOifigigh Oideachais ar spásanna breithniúcháin eile agus tugann siad cuir i láthair uathu, mar shampla ag Meithleacha Forbartha, an Bord don Luath-Óige agus don Bhunscoil, agus Comhairle CNCM, i bhfianaise a n-ardinniúlachta agus an tuisceant atá acu ar na snáitheanna taighde, comhairliúcháin agus líonraithe. De ghnáth tugtar faoin bpróiseas seo chun dréachtú, mionchoigeartú agus aiseolas ó pháirtithe leasmhara ó struchtúir éagsúla de chuid CNCM a chomhtháthú cuid mhór uaireanta le linn timthriallacha forbartha.

Bíonn ról ag an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin, ag an Leas-Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin agus ag stiúrthóirí sa phróiseas breithniúcháin freisin ó thaobh iarrachtaí a dhéanamh maidir lena chinntiú go mbíonn an cháipéisíocht curaclaim ar ardchaighdeán agus chomh comhleanúnach agus seasmhach agus is féidir. Bíonn an próiseas seo leanúnach le linn an phróisis athfhorbartha agus tugtar aird faoi leith ar shaincheisteanna comhleanúnachais agus comhsheasmhachta i dtreo dheireadh na céime athfhorbartha. Mar chuid den athbhreithniú seo leagtar béim ar struchtúr ar fud na cáipéisíochta curaclaim, déantar athbhreithniú ar an téarmaíocht, agus díritear freisin ar théamaí amhail an ionchuimsitheacht agus an t-idirchultúrachas ar fud na cáipéisíochta curaclaim.



Fíor 4: Cairt Eagraíochta CNCM



Meithleacha Forbartha

Foilsíodh *Creatchuraclam na Bunscoile* (an Roinn Oideachais, 2023) i mí an Mhárta 2023. I bhfianaise a raibh i gceist le réiteach na ndrúchtsonraíochtaí, bhunaigh CNCM Meitheal Forbartha ar a raibh 12–15 chomhalta a raibh an ardinniúlacht acu chun an obair forbartha a chur chun cinn i ngach ceann de na cúig réimse curaclaim. D'fhorbair agus cheadaigh Comhairle CNCM ról agus sainchúram na Meithleacha Forbartha, agus déanann cathaoirleach obair gach Meithle Forbartha a threorú. Tá ionadaithe ar gach Meitheal Forbartha ó cheardchumainn múinteoirí, comhlachtaí bainistíochta, seirbhísí tacaíochta agus an Roinn Oideachais.

Déantar roinnt comhaltaí a chomhthoghadh freisin ar gach Meitheal. Aithnítear na comhaltaí sin trí ghlaoscailte, poiblí do dhaoine aonair chun go léireodís spéis i ndul isteach i ngrúpa ar leith. Tugann na comhaltaí comhthofa ardinniúlacht, eolas agus scileanna breise don obair a chomhlánaíonn obair na n-ionadaithe ó na comhlachtaí ainmniúcháin.

I measc a gcuid oibre tá plé le taighde, díospóireacht agus plé, agus comhoibriú le, agus éisteacht le, tuairimí ó cheannairí scoile, múinteoirí, páistí agus tuismitheoirí. Le linn do chomhaltaí na Meithle Forbartha a gcuid oibre a dhéanamh:

- Tugann siad a mbarúil faoi fhorbairt dréachtcháipéisí curaclaim, agus rannchuidíonn siad leis sin.
- Áiríthíonn siad go mbeidh barúlacha/beartas an chomhlachta ainmniúcháin ina gcuid den phlé.
- Tacaíonn siad le próisis chomhairliúcháin ag príomhchéimeanna den phróiseas forbartha.
- Tugann siad an t-eolas is déanaí dá gcuid eagraíochtaí ainmniúcháin maidir le hobair leanúnach na Meithleacha Forbartha.

Bíonn Oifigigh Oideachais agus Stiúrthóirí CNCM lárnach i bplé na Meithleacha Forbartha a thabhairt chuig Foireann Feidhmiúcháin CNCM agus a bheith i gceannas ar an bpróiseas beachtaithe chun dréachtaí ina dhiaidh sin a roinntear le struchtúir níos leithne CNCM a chur ar fáil. Cé go bhfuil na Meithleacha Forbartha lárnach sa phróiseas breithniúcháin, níl feidhm chinnteoireachta acu.



Fíor 5: Meithleacha Forbartha



Tá na Meithealacha Forbartha seo a leanas ag obair ó dhéanach in 2022 agus tá breis eolais maidir lena gcuid cruinnithe agus an próiseas forbartha ar fáil ag an nasc thíos:

- An Mheitheal Forbartha le haghaidh Ealaíona na Bunscoile – An Dr Regina Murphy mar Chathaoirleach
- Meitheal Forbartha Teanga Bhunscoile – An Dr Patrick Burke mar Chathaoirleach
- Meitheal Forbartha Oideachas Sóisialta agus Imshaoil (OSI) na Bunscoile – An Dr Karin Bacon mar Chathaoirleach
- Meitheal Forbartha Oideachas Eolaíochta, Teicneolaíochta, Innealtóireachta agus Matamaitice (ETIM) na Bunscoile – An tOllamh Aisling Leavy mar Chathaoirleach
- An Mheitheal Forbartha le haghaidh Fholláine na Bunscoile – An Dr Margaret Nohilly mar Chathaoirleach.

>> <https://tinyurl.com/mt7mnkrw>

Chomh maith le gach Meitheal Forbartha ag teacht le chéile ina n-aonair, reáchtáladh comhchruinnithe de chuid na Meithealacha Forbartha chun tacú le comhleanúnachas agus le tuiscintí comhroinnte. Reáchtáladh cúig chomhchruinniú de chuid na Meithealacha Forbartha idir 2022 agus 2025 chun tacú le tuiscintí comhroinnte den chineál sin, chun ceisteanna tras-churaclaim a fhiosrú, agus chun obair i dtreo comhleanúnachais agus comhsheasmhachta sna cúig shonraíocht. Bhí plé na gcúig Mheitheal Forbartha lárnach le bonn eolais a chur faoi fhoilsiú na ndrúchtsonraíochtaí do gach ceann de na cúig réimse curaclaim i mí an Mhárta 2024 (CNCM, 2024e; 2024f; 2024g; 2024h; 2024k). Bhí na Meithealacha Forbartha páirteach freisin i leasú gach ceann de na sonraíochtaí i ndiaidh comhairliúcháin foirmiúil, agus tá sonraíocht deiridh gach ceann de na cúig réimse curaclaim le foilsiú i mí Mheán Fómhair 2025.

Bord CNCM don Luath-Óige agus don Bhunscoil

Is struchtúr buan de chuid CNCM é Bord CNCM don Luath-Óige agus don Bhunscoil a thagann le chéile ar bhonn leanúnach chun bonn eolais a chur faoi athfhorbairtí curaclaim agus measúnaithe. Tá an Bord seo ionadaíoch ar chomhpháirtithe oideachais san oideachas luath-óige agus bunscoile, lena n-áirítear ainmnithe ó cheardchumann múinteoirí, comhlachtaí bainistíochta, ranna/gníomhaireachtaí rialtais agus tuismitheoirí. Tá 22 comhalta ar an mBord faoi láthair (<https://ncca.ie/ga/faoin-cncm/boird-agus-grupai-forbartha/bord-don-luath-oige-agus-don-mbunscoil/>). De réir mar a fhorbraítear tuarascálacha éagsúla taighde agus comhairliúcháin, roinntear iad le comhaltaí an Bhoird chun críche faisnéise agus rannpháirteachais. Ós rud é gur struchtúr ionadaíoch é, iarrtar ar chomhaltaí an Bhoird machnamh a dhéanamh ar impleachtaí an phlé ar a ngrúpa ionadaíoch, agus ar an gcuraclam agus measúnú ar bhonn níos leithne freisin. Feidhmíonn comhaltaí mar chainéil idir CNCM agus a n-eagraíocht freisin trí eolas a roinnt sa dá threo. Ar a bharr sin, déanann taighdeoirí seachtracha a rinne taighde do CNCM, chomh maith leis an bhFoireann Feidhmiúcháin, cuir i láthair ag cruinnithe an Bhoird agus bíonn siad páirteach i bplé a chabhraíonn leis an mBord agus iad i mbun breithniúcháin. Tá sé mar aidhm ag an bpróiseas atriallach seo ardinniúlacht chomhaltaí an Bhoird a fhorbairt agus cumasaíonn sé iad le breithniú a dhéanamh bunaithe ar iomláine an eolais agus fianaise ón taighde, na comhairliúcháin agus an líonrú. De réir mar a d'ullmhaigh Foireann Feidhmiúcháin CNCM gnéithe agus dréachtaí éagsúla de *Chreatchuraclam na Bunscoile* (agus na sonraíochtaí a bhaineann leis ina dhiaidh sin), agus a rinneadh iad a mhionchoigeartú ansin bunaithe ar chomhairliúcháin agus imeachtaí líonraithe, d'fhiosraigh agus phléigh an Bord don Luath-Óige agus don Bhunscoil iad le linn cuid mhór cruinnithe. Ós rud é go bhfuil an Bord ionadaíoch seachas corparáideach, tá scóip ann le haghaidh barúlacha agus guthanna difriúla chun bonn eolais a chur faoi bhreithniúcháin ós rud é nach ndéantar cinntí ag an leibhéal seo de struchtúr CNCM.




Comhairle CNCM

Ag an leibhéal is airde de struchtúr CNCM tá Comhairle CNCM, a cheapann an tAire Oideachais ar feadh tréimhse ceithre bliana agus atá ionadaíoch ar na comhpháirtithe oideachais. Is ainmnithe de chuid na gcomhpháirtithe san oideachas, leasa tionsclaíocha agus ceardchumainn, eagraíochtaí tuismitheoirí agus ainmní amháin de chuid an Aire Oideachais agus an Aire Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige araon a chuimsíonn an Chomhairle ina bhfuil 26 comhalta. Ó 2022 is comhalta lánaimseartha de Chomhairle CNCM iad Uachtarán Aontas Scoláirí Dara Leibhéal na hÉireann (ISSU) (féach: <https://ncca.ie/ga/faoin-cncm/comhairle-2022-2026/> do liosta reatha na gcomhaltaí).

Murab ionann agus struchtúir eile CNCM, is comhlacht corparáideach í Comhairle CNCM (seachas a comhaltaí a bheith ina n-ionadaithe ar a gcomhlachtaí féin faoi seach) agus sa deireadh thiar is iad an Chomhairle a dhéanann na cinntí a úsáidtear ansin mar an chomhairle ar cheisteanna curaclaim agus measúnaithe a chuirtear faoi bhráid an Aire Oideachais. Cuireann obair na Foirne Feidhmiúcháin, na Meithleacha Forbartha agus Bhord na Luath-Óige agus na Bunscoile le breithniúcháin Chomhairle CNCM ina ról cinnteoireachta. Mar shampla, cuirtear ceisteanna conspóideacha nó ceisteanna gan réiteach ag leibhéal na Meithleacha Forbartha nó Bhord na Luath-Óige agus na Bunscoile faoi bhráid na Comhairle chun bonn eolais a chur faoina gcuid díospóireachtaí agus breithniúchán sula dtugtar faoi chinnteoireacht. Cé gur gné lárnach de bhreithniúcháin Chomhairle CNCM iad díospóireachtaí láidre agus easaontais, i ndeireadh na dála is ar obair i dtreo cinntí comhroinnte agus comhaontaithe a dhíríonn a ról corparáideach. Déanann an Chomhairle aschuir uile CNCM maidir le hathfhorbairt churaclam na bunscoile a athbhreithniú agus a chomhaontú sula bhfoilsítear iad.

Is ionann aschuir CNCM, arna bhformheas ag an gComhairle, agus an chomhairle maidir le curaclam agus measúnú a chuirtear faoi bhráid an Aire Oideachais. Féadfaidh an tAire nó oifigigh na Roinne Oideachais (m.sh. oifigigh sa Rannóg Beartas, Churaclam agus Measúnacht a n-oibríonn CNCM faoi) cruinnithe faisnéise foirmiúla agus/nó deiseanna plé a lorg sula ndéantar cinneadh glacadh nó gan glacadh le comhairle CNCM.



Tugtar achoimre sa tuarascáil ghairid seo ar dhul chun cinn phróiseas athfhorbairt churaclam na bunscoile chomh fada le mí an Mhárta 2025. Mar sin féin, is ceart cuimhneamh nach ionann forbairt curaclaim, nó athfhorbairt curaclaim, mar a tharlaíonn sé, agus táirge nó ceann scríbe – is próiseas leanúnach, athchúrsach agus dinimiciúil forbartha agus idirghníomhaíochta é nach dtugtar chun beatha ach amháin nuair a úsáidtear curaclam in go leor bealaí éagsúla i scoileanna agus i seomraí ranga ar fud na tíre. Dá réir sin, tá an t-aistear chomh tábhachtach céanna leis an gceann scríbe, nó is trí rannpháirteachas, ciall a chruthú go hindibhidiúil agus le chéile, agus ionchais nua a idirphlé le féiniúlachtaí agus cleachtais ghairmiúla arb ann dóibh cheana féin amháin a tharlaíonn athrú.

Tá iarrachtaí suntasacha déanta ag CNCM chun rannpháirteachas a spreagadh agus chun nuashonruithe ar an bpróiseas athfhorbartha agus an dul chun cinn a chur in iúl do pháirtithe leasmhara, do chomhpháirtithe agus don phobal níos leithne trí fhoilseacháin, seisiúin eolais don phreas, na meáin shóisialta, ríomhchumarsáid agus nuashonruithe ar an suíomh gréasáin. Tá an obair seo rithábhachtach de bharr go mbaineann féidearthachtaí oideachasúla ó thaobh athfhorbairt agus chur i bhfeidhm an churaclaim de leis na próisis ar tugadh faoi go dáta sna ceithre shnáithe athfhorbartha. Go deimhin, phléigh Cohen agus Barnes (1993) ar feadh breis agus 30 bliain cumhacht fhéideartha oideolaíochta an phróisis déanta beartais agus cáipéisí beartais. Foghlaimíodh an t-uafás ar bhonn indibhidiúil agus i dteannta a chéile tríd an bpróiseas go dtí seo (m.sh., trí thaighde agus forbairtí beartais, trí chomhairliúcháin agus líonrú, agus trí bhreithniúcháin a bhí ar bun ina dhiaidh sin). Baineadh leas as guthanna agus taithí comhpháirtithe ar fud thírdhreach uile an oideachais in Éirinn, chomh maith le dearcthaí ó thaighde agus ó shaineolaithe idirnáisiúnta, agus tarraingíodh le chéile iad. Agus is gá go mbeadh sé cuimsitheach mar is éard a tharlaíonn nuair a dhéantar leasú ar bheartas oideachais, go háirithe más beartas curaclaim atá i gceist, ná go spreagann sé éagsúlacht mhór mothúchán agus freagairtí ag leibhéal comhchoiteann agus indibhidiúil.

Ach is laistigh de shnáitheanna coiteanna an phróisis seachas sna snáitheanna indibhidiúla a thagann an saibhreas chun cinn. Ní chruthódh taighde ná comhairliúcháin ná líonrú amháin bunchloch chuimsitheach don phróiseas athfhorbartha curaclaim. Is trí na cineálacha éagsúla eolais – ó thaighde, beartas agus cleachtas – a thagann plé luachmhar agus bealaí chun tosaigh chun cinn. Cé go bhfuil sé tábhachtach inneachar curaclaim a phlé agus a fhiosrú, is trí fhíseanna, luachanna, aidhmeanna agus tosaíochtaí oideachasúla comhroinnte a scagadh agus a chomhchruthú a thugtar faoin obair thábhachtach athfhorbartha. Tá an próiseas breithniúcháin lárnach sa mhéid seo ar fad, athbhreithnítear leis an chuid mhór fianaise agus na neamhréireanna a bhíonn i gceist chun tacú leis an bhfoghlaim uile-chórais. Is féidir na neamhréireanna, na héiginnteachtaí, agus na tuiscintí go bhfuil caillteanas nó gnóthú i gceist a mhaolú trí chumarsáid chúramach scríofa agus ó bhéal ach i ndeireadh na dála, is tríd an athraonadh trí leibhéal agus líonraí éagsúla thírdhreach an bheartais oideachais a thagann na teachtaireachtaí chomh fada le leibhéal na scoile, agus is iad múinteoirí agus ceannairí scoile a mbaineann brí astu agus a roinneann iad.

Dea-chomhartha is ea tréimhse fhada agus freastal suntasach phróiseas athfhorbartha churaclam na bunscoile go mbeidh sé oideachasúil dóibh siúd ar fad atá 'ag foghlaim le chéile' laistigh den chóras oideachais. Tá an próiseas 'foghlaim le chéile' seo rithábhachtach, go háirithe ós rud é go bhfuil scála agus méid an athraithe atá beartaithe suntasach.

Tá smaointeoireacht an chórais agus an smaointeoireacht indibhidiúil, go deimhin, i ndiaidh an-dul chun cinn a dhéanamh le deich mbliana anuas de réir mar a fiosraíodh, pléadh agus beachtaíodh smaointe agus tosaíochtaí nua oideachasúla, agus de réir mar a idirphléadh teoricí, coincheapa agus oideolaíochtaí nua leis na córais creidimh agus na cleachtais arbh ann dóibh cheana féin. Ach tá go leor oibre le déanamh fós. Is gá don déanamh céille seo leanúint ag leibhéal uile an chórais agus ag leibhéal na scoile go háirithe; is gá spás agus am a chur ar fáil chun go dtiocfadh tuiscintí nua comhroinnte agus comhchruthaithe chun cinn, chun freastal ar dhiminsín mhothaitheacha agus mhothúcháinacha an athraithe, chun dul i riosca agus tabhairt faoin tástáil, agus chun an rath a cheiliúradh.

Ar a bharr sin, is gá aird a thabhairt ar cheisteanna comhleanúnachais laistigh agus ar fud an chórais oideachais de réir mar a leanann beartas níos leithne oideachais ag forbairt. Sa chonair atá romhainn, tá an cháipéis *Tacú le hAthrú Curaclam Bunscoile ar fud an Chórais* (CNCM, 2022m) chomh tábhachtach céanna le *Creatchuraclam na Bunscoile* féin, nó is tríd an athrú a chothú agus trí thacú leis ar féidir fíis agus prionsabail an churaclaim athfhorbartha a chur i bhfeidhm i seomraí ranga na hÉireann don todhcháí.



Machnamh an Phainéil Chomhairligh

An tOllamh Emerita Louise Hayward

Is lán le dea-rúin a thugtar faoin leasú oideachais, níos minice b'fhéidir ná aon réimse oideachais eile. Bíonn na frásaí céanna le fáil i gcáipéisíocht beartais i dtíortha ar fud an domhain – 'fís choiteann a chomhroinnt' nó 'cúraclam, oideolaíocht agus measúnú ailínithe' nó 'taighde, beartas agus cleachtas mar bhonn eolais faoi' nó 'forbartha i gcomhar leis an ngairm'. Tá níos mó i gceist leo seo ná focail – is smaointe rithabhachtacha iad i leasú ar bith a n-éireoidh leis, is é sin, leasú a bhfuil eispéiris foghlama agus torthaí níos fearr do dhaoine óga, d'fhoghlaimeoirí, agus, i ndeireadh na dála, don tsochaí, mar thoradh air.



I ndiaidh dom oibriú le comhghleacaithe CNCM agus le baill na foirne idirnáisiúnta ar an bPainéal Comhairleach, Dom, Jim, agus Tom, is spéisiúil céim siar a ghlacadh agus machnamh a dhéanamh ar an gcúis a n-áirim níos dearfaí faoin dóchúlacht go gcruthóidh Curaclam Athfhorbartha na Bunscoile eispéiris níos fearr d'fhoghlaimeoirí agus go mbeidh saol gairmiúil níos sásúla ag múinteoirí in Éirinn mar thoradh air, níos dearfaí ná mar a d'airigh mé i gcás nach mór aon chlár leasaithe oideachais a raibh mé páirteach ann go dtí seo.

I gcroílár mo dhearfachta tá an creideamh go raibh próiseas athfhorbartha an churaclaim barántúil, fíorbharántúil. Is mar gheall ar na próisis atá taobh thiar d'fhorbairt comhfhíse agus prionsabal, cinntiú céille le foghlaimeoirí, daoine gairmiúla agus le pobail níos leithne, go bhfuil tuiscint athnuaite ann maidir leis na cúiseanna a bhfuil tábhacht nach beag ag baint leis an gcúraclam bunscoile agus maidir leis na bealaí ina dtógfaidh athfhorbairt an churaclaim ar láidreachtaí chóras oideachais na hÉireann atá ann cheana, le cinntiú go leanfaidh an t-oideachas bunscoile ag freastal ar fhoghlaimeoirí agus ar shochaí na hÉireann. Tá ionracas oideachasúil na hiarrachta bunaithe go soiléir.

Mar dhuine ón taobh amuigh ag breathnú isteach ar oideachas na hÉireann, tá sé ríspéisiúil féachaint a dháiríre agus a ghlactar leis an bpróiseas maidir le bonn eolais a chur faoi smaointe agus faoi ghníomhartha. Cé go bhfuil an frása 'taighde, beartas agus cleachtas mar bhonn eolais faoi' coitianta sa leasú oideachais, níl a chur i bhfeidhm i gcleachtas an leasaithe chomh coitianta céanna. In amanna, léirmhínítear go cúng an taighde agus deartar é chun deireadh a chur leis an bplé seachas chun tús a chur leis. D'fhéadfaí sainmhíniú an taighde a chúngú sa chaoi is nach gcuirtear san áireamh ach mionstaidéar beartais nó torthaí ó shuirbhéanna a rinne grúpaí faoi leith, m.sh., múinteoirí nó tuismitheoirí, nó suirbhéanna a cuireadh le chéile go cúramach, a bhfuil scóip theoranta leo agus a dearadh chun freagraí faoi leith a spreagadh. Is fada ó sin an taithí atá agam féin ar athfhorbairt churaclaim na bunscoile in Éirinn. Bhí rannpháirteachas gníomhach le réimse leathan foinsí taighde, tuiscint ar fhothú láidir foghlama ina measc siúd ar fad a oibríonn ar an bhfoireann athfhorbartha bunscoile, agus an fonn an fhoghlaím sin a úsáid chun bonn eolais a chur faoin bpróiseas de réir mar a fhorbraíonn sé. Uaireanta cuireann múinteoirí i leith na bpobal beartais nach nglacann siad comhairliúchán dáiríre go leor. Is go han-chúramach a tugadh faoi chomhairliúchán le linn athfhorbairt churaclaim na bunscoile agus ceistítear tráchtanna a fhaightear lena chinntiú go dtuigeann na meithleacha forbartha go hiomlán na pointí atá á ndéanamh agus an chaoi ab fhearr a bhféadfadh an clár foghlaim ón aiseolas.

Táimid ar an mbóthar ceart go dtí seo. Eiseamláir is ea barántúlacht an chuir chuige atá in úsáid d'athfhorbairt churaclaim na bunscoile maidir le conas cumas gníomhúcháin a fhorbairt i measc pobal, páistí, tuismitheoirí, taighdeoirí agus lucht déanta beartas. Is é an príomhdhúshlán atá ann fós ná an rannpháirteachas barántúil a choimeád de réir mar a bhíonn líon níos mó scoileanna, múinteoirí agus tuismitheoirí rannpháirteach go hiomlán sa churaclam athfhorbartha. Tá na próisis maidir le ham a bheith acu machnamh a dhéanamh ar smaointe agus cuimhneamh ar a bhféadfadh a bheith i gceist leo don chleachtas laethúil i seomraí ranga tábhachtach do na rannpháirtithe ar fad. Tríd an am a chur isteach anois, beifear in ann rath churaclaim athfhorbartha na bunscoile a athchruthú i scoileanna agus i seomraí ranga ar fud na hÉireann; agus beidh curaclam athfhorbartha na bunscoile ábalta an bhunchloch a chur ar fáil do thodhchaí níos fearr do gach saoránach in Éirinn.



An tOllamh Jim Spillane

Mar dhuine ón taobh amuigh, bhí cuid mhór maidir le cur chuige CNCM i leith athfhorbairt churaclam na bunscoile a tharraing m'aird agus a chuir ceachtanna tábhachtacha ar fáil d'obair amach anseo. Ba é an rud ba mhó a tharraing m'aird ná an chaoi ar cuireadh an fhoghlaím ghairmiúil agus forbairt eolais úsáidigh agus inúsáidte do bheartas agus cleachtas curaclaim i gcoirlár an phróisis d'aon turas. Go sonrach, chuaigh trí ghné den bhéim seo ar an bhfoghlaim ghairmiúil agus ar an bhforbairt eolais go mór i bhfeidhm orm.



Ar an gcéad dul síos, an infheistíocht i gcineálacha éagsúla eolais, agus an tábhacht a leagtar orthu sin, lena n-áirítear eolas ó thaighde (m.sh., tuarascálacha a coimisiúnaíodh) agus eolas ó chleachtas trí chomhairliúchán a phléigh le smaointe páistí, tuismitheoirí, múinteoirí agus páirtithe leasmhara eile. Choimisiúnaigh CNCM sraith chuimsitheach tuarascálacha taighde maidir le gach rud ó fhorbairt teanga ó bhéal a spreagadh go comhtháthú curaclaim. Maidir le heolas ó chleachtas, chabhraigh iliomad comhairliúchán tríd an bhFóram Scoileanna, le baill ó bhreis agus 60 scoil, lena chinntiú gur mhúnlaigh eolas ó chleachtas an próiseas athfhorbartha curaclaim. Cabhraíonn an aird chúramach seo a thugtar ar smaointe agus dearthaí múinteoirí, páistí, tuismitheoirí, agus páirtithe leasmhara eile le cinntiú go mbíonn cothromaíocht i gceist idir an t-eolas ó thaighde agus an t-eolas ó chleachtas sa bhonn eolais a dhéanann eolas d'athfhorbairt an churaclaim. Díol spéise ba ea comhoibriú CNCM agus na Comhairle Múinteoireachta ar imeacht BEACONS (Beocht a chur san Oideachas dár bPobail Ar Bhonn Náisiúnta) a thug an deis do réimse páirtithe leasmhara, lena n-áirítear páistí, tuismitheoirí, múinteoirí, ceannairí scoile agus ionadaithe ó chomhlachtaí náisiúnta, teacht le chéile agus a ndearthaí, a dtuairimí agus a smaointe maidir le todhchaí Churaclam na Bunscoile in Éirinn a roinnt. Chomh maith le himeachtaí agus torthaí an lae a fhoilsiú (CNCM, 2022n), ullmhaíodh físeán chun blaiseadh a thabhairt ar an imeacht agus chun plé agus scagadh a dhéanamh ar na pointí seo ó dhearthaí difriúla. I dteannta a chéile chuir na hiarrachtaí seo le bonn eolais láidir, úsáideach agus inúsáidte a chur ar fáil chun bonn eolais a chur faoi athfhorbairt agus cur i bhfeidhm an churaclaim.

Ar an dara dul síos, d'oibrigh CNCM freisin chun a chinntiú go raibh an bonn leathan eolais inrochtana do roinnt páirtithe leasmhara agus gur phléigh siad leis. Seachas brath ar chur amach tuarascálacha foirmiúla amháin, d'oibrigh CNCM chun léirithe éagsúla a chruthú de na príomhthorthaí. D'úsáid CNCM formáidí éagsúla, ó phodchraoltaí go seimineáir, lena n-áirítear na Seimineáir Churaclaim agus an tsraith seimineáir Leading Out, chun raon páirtithe leasmhara oideachais a dhéanamh rannpháirteach leis an mbonn eolais. Thug na Seimineáir Churaclaim, mar shampla, deis do rannpháirtithe bheith rannpháirteach leis na príomhcheachtanna ó na tuarascála taighde a choimisiúnaigh CNCM.

Ar an tríú dul síos, rud a chuaigh i bhfeidhm orm go háirithe ná dearadh toiliúil na spásanna agus na n-áiteanna seo (m.sh., Seimineáir de chuid 'Leading Out'), áit ar chuala réimse páirtithe leasmhara éagsúla faoin mbonn eolais agus ní hamháin sin, ach a raibh deis acu é a phlé le chéile. Chuir na spásanna seo deiseanna luachmhara ar fáil do pháirtithe leasmhara éagsúla chun teacht le chéile agus plé a dhéanamh ar a dtuiscintí ar na príomhthorthaí, machnamh a dhéanamh ar a sainoidhrithe don chleachtas reatha, agus déileáil lena gcuid tuiscintí éagsúla ar phríomhcheachtanna ón mbonn eolais. Tá deiseanna den chineál seo riachtanach chun tacú le déanamh céille comhchoiteann na bpáirtithe leasmhara atá ag tarlú go leanúnach, lena n-áirítear deis a chur ar fáil don phlé ar thuairimí agus tuiscintí difriúla, rud atá ag croílár an phróisis athfhorbartha curaclaim agus chur i bhfeidhm an churaclaim.

Is saintréithe iad den chur chuige atá ag CNCM ó thaobh athfhorbairt agus cur i bhfeidhm curaclaim de, infheistíocht a dhéanamh i bhforbairt cineálacha éagsúla eolais chun tacú le hathfhorbairt curaclaim – ó eolas thaighde go heolas ó thaithí – chomh maith le deiseanna a dhearadh d'aon ghnó, a dtabharfaidh páirtithe leasmhara éagsúla oideachais fúthu agus a ndéanfaidh siad plé orthu le chéile.



An Dr Thomas Walsh



Mar thaighdeoir a bhfuil an-spéis aige i stair forbartha agus cuir i bhfeidhm curaclaim in Éirinn, is aistear ríspéisiúil é bheith páirteach i bpróiseas beo agus comhaimseartha chun curaclam na bunscoile a athfhorbairt mar bhall den Phainéal Comhairleach. Le fiche bliain anuas, táim i ndiaidh uaireanta fada an chloig a chaitheamh i gcartlanna agus i leabharlanna, ag iarraidh tuiscint a fháil ar conas a cruthaíodh agus a forbraíodh curaclaim bunscoile roimhe seo, céir leo na guthanna ar éisteadh leo nó a cuireadh ina dtost, agus conas a úsáideadh cáipéisí curaclaim laistigh de scoileanna sa deireadh thiar thall.

Ba mhinic a fuarthas léargais den chineál sin ó dhréacht randamach de cháipéis curaclaim ar a raibh nótaí scríofa de láimh, ó mheamraim nó óráidí ó Airí a leag amach treo taistil an churaclaim, nó ó mhachnaimh agus cuimhní oideoirí a bhí mar chuid den chóras.

Bhí sé fíorspéisiúil agus dúshlánach ag an am céanna an cháipéis “An Próiseas Athfhorbartha a Leagan Amach” a scríobh – chuir sé na dinimicí casta a bhíonn i gceist le forbairt aon bheartais oideachais i gcuimhne dom. I ndiaidh dom páirt lárnach a bheith agam san aistear athfhorbartha ó 2018 i leith, agus rochtain agam ar thart ar 150 cáipéis fhoilsithe a chuir bonn eolais faoin bpróiseas athfhorbartha, agus é d’acmhainn agam plé leo siúd arbh é a ról gairmiúil é an athfhorbairt curaclaim a stiúradh, chuir sé iontas orm a dheacra is atá sé fós bun nó barr a dhéanamh de dhinimicí casta an phróisis agus den chaoi ar tháinig na cáipéisí scríofa arb ionann iad agus téacs churaclam bunscoile na hÉireann ar an saol. Mhúscaill sé íomhá ionam de chomhpháirtithe machnaimh ag nascadh le chéile ar mhórsála ar fud thriúrdhreach an oideachais, ag idirphlé agus ag ceistiú eolais i ngach foirm agus iad sa tóir ar chonaire foghlama a choimeád don chéad ghlúin eile páistí in Éirinn.

Go pointe áirithe, tá idirdhealú an phróisis athfhorbartha, faoi struchtúr an taighde, an chomhairliúcháin, an líonraithe agus an phlé, tar éis tacú le hidirscaradh na bpróiseas comhtháite agus idirghaolmhar le breis agus deich mbliana anuas. Bhí eolas le fáil trí fhorbairt dioscúrsa, coincheap agus smaointe (m.sh., athrú go creatchuraclam, an bhéim ar chumas gníomhúcháin an pháiste agus an mhúinteora) a leanúint thar na ceithre shnáithe le linn na tréimhse athfhorbartha, chun iniúchadh a dhéanamh ar idirphlé agus comhtháthú eolais ó thaighde agus cleachtas gairmiúil. Chuir gach ceann de na snáitheanna seo na príomhábhair ar fáil don obair arb ionann í sa deireadh thiar agus creatchuraclam na bunscoile agus sonraíochtaí réimsí curaclaim na bunscoile. As measc na snáitheanna ar fad, ba iad na próisis breithniúcháin ba mhó a raibh spéis faoi leith agam iontu ós rud é gurb iad sin na próisis ba dhofheicthe agus ba dheacra a dhoiciméadú. Cé go raibh foilseacháin agus déantúsáin i gceist leis na snáitheanna eile a léirigh tábhacht agus torthaí na snáitheanna sin, i ndeireadh na dála, is gá cinntí a dhéanamh san athfhorbairt curaclaim atá bunaithe ar luachanna agus ar chreidimh agus nach cinntí iad atá bunaithe ar fhianaise amháin. Sa deireadh thiar, déanaim amach go bhfuil níos mó i gceist le cáipéisíocht agus próiseas an churaclaim athfhorbartha ná ceithre shnáithe. Táim fíorbhuíoch den bhall sinsearach d’Fhoireann Feidhmiúcháin CNCM as agallamh fada a dhéanamh liom agus léargais a chur ar fáil dom lena linn maidir leis na próisis chasta agus atriallacha bhreithniúcháin a chuireann bonn eolais faoi chinní curaclaim, agus d’fhoireann níos leithne CNCM freisin as an iliomad comhráite giniúnacha maidir le hathfhorbairt curaclaim le blianta beaga anuas. Is mór agam go háirithe cabhair an Dr Tracy Curran agus an Dr Siobhán Keenan Fitzgerald i gcoincheapú agus múnú na tuarascála seo.

Agus muid ag bogadh ar aghaidh go dtí an chéad chéim eile den aistear, tugann sé misneach dom go raibh an próiseas go dtí seo críochnúil, eolach agus go raibh go leor guthanna agus foinsí a chuireann bonn eolais faoi phlé agus téacsanna athfhorbartha curaclaim mar chuid de. Is é toradh an phróisis seo ná fíis láidir agus raon iomlánaíoch eispéireas agus torthaí chun bonn eolais a chur faoi chleachtas gairmiúil oideoirí agus faoi oideachas bunscoile na chéad ghlúnta eile páistí in Éirinn.

Ach ní féidir le bunchlocha chomh láidir seo an bogás a spreagadh. Tá na ceachtanna ó stair an oideachais an-soiléir ar fad – tá forbairt na gcáipéisí beartais rithábhachtach ach d’fhéadfadh sé tarlú go dtabharfaí neamhaird orthu nó nach gcuirfí i bhfeidhm ach go siombalach iad mura ndéanfaí cúram de thacú lena gcur i bhfeidhm. Gné lárnach de thacú le cur i bhfeidhm an churaclaim is ea am agus spás a chur ar fáil do mhúinteoirí go háirithe, le go mbeadh deis acu, go hindibhidiúil agus le chéile, brí a bhaint as mianaidhmeanna an churaclaim agus é seo a idirphlé leis na creidimh agus cleachtais atá acu cheana féin. Tá súil agam go gcuirfidh go leor snáitheanna tacaíochta bonn faoin bpróiseas cur i bhfeidhm agus go léireofar an chéad chéim spreagúil eile den aistear seo sa dara heagrán de “An Próiseas Athfhorbartha a Leagan Amach”.



An tOllamh Dominic Wyse

Is dúshlánach an tasc é curaclam nua a chruthú, fiú más curaclam athfhorbartha é. I gcás tíortha agus réigiúnacha móra eile, is as dhá phríomhfheiniméin atá nasctha le chéile ach nach dtagann le chéile a eascraíonn an dúshlán:

1. Luachanna na sochaí a leagann ionchais síos don oideachas, agus;
2. An gá le cinntiú go bhfuil an curaclam éifeachtach ó thaobh thorthaí foghlama na bpáistí de (Wyse et al., 2025 ag na clódóirí).



